RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/65 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Eanáir 2026

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí meascán d'úiré agus níotráit amóiniam de thionscnamh na Rúise, Oileán na Tríonóide agus Tobága agus Stáit Aontaithe Mheiriceá tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/1688 ([2]), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí meascán d'úiré agus níotráit amóiniam de thionscnamh na Rúise, Oileán na Tríonóide agus Tobága agus Stáit Aontaithe Mheiriceá (na bearta bunaidh). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, gairfear 'an t-imscrúdú bunaidh' air anseo feasta.

(2) I mí na Bealtaine 2021, d'iarr Copa-Cogeca, comhlachas úsáideoirí an táirge lena mbaineann, go gcuirfí na dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm ar fionraí, i gcomhréir le hAirteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2016/1036. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2070 ([3]), chinn an Coimisiún gan na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí meascán d'úiré agus níotráit amóiniam de thionscnamh na Rúise, Oileán na Tríonóide agus Tobága agus Stáit Aontaithe Mheiriceá arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1688 a chur ar fionraí.

(3) Tá na dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair sa raon idir EUR 27,77/tona agus EUR 42,47/tona ar allmhairí ón Rúis agus is ionann iad agus EUR 22,24/tona ar allmhairí ó Oileán na Tríonóide agus Tobága agus EUR 29,48/tona ar allmhairí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá.

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

(4) Tar éis fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag atá le tarlú ([4]) fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den bun-Rialachán.

(5) Is é Fertilizers Europe ('an t-iarratasóir') a chuir an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 28 Meitheamh 2024 thar ceann thionscal mheascáin d'úiré agus níotráit amóiniam an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Is é foras na hiarrata ar athbhreithniú gur dócha, ar dhul in éag na mbeart, go leanfar den dumpáil agus/nó go ndéanfar an athuair í agus go leanfar den díobháil do thionscal an Aontais nó go ndéanfar an athuair í.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1688 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí meascán d'úiré agus níotráit amóiniam de thionscnamh na Rúise, Oileán na Tríonóide agus Tobága agus Stáit Aontaithe Mheiriceá agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin, (IO L 258, 9.10.2019, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1688/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2070 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2022 na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí meascáin d'úiré agus níotráit amóiniam de thionscnamh na Rúise, Oileán na Tríonóide agus Tobága agus Stáit Aontaithe Mheiriceá arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1688, gan na dleachtanna sin a chur ar fionraí (IO L 277, 27.10.2022, lch. 208, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/2070/oj).

([4]) IO C, C/2024/907, 22.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/907/oj.

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(6) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, go raibh fianaise leordhóthanach ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain sé athbhreithniú éaga an 8 Deireadh Fómhair 2024 maidir le hallmhairí meascán d'úiré agus níotráit amóiniam (UNA) isteach san Aontas ar de thionscnamh na Rúise, Oileán na Tríonóide agus Tobága agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ('na tíortha lena mbaineann') iad, ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([5]) ('an fógra tionscnaimh').

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(7) Cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024 leis an imscrúdú maidir le leanúint den dumpáil nó atarlú na dumpála ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). Sa scrúdú ar threochtaí atá ábhartha chun a mheas an dócha go leanfar den díobháil nó an ndéanfar arís í, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.5. **Barúlacha maidir leis an tionscnamh ó pháirtithe leasmhara**

(8) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go sonrach don iarratasóir, do tháirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, do tháirgeoirí aitheanta sna tíortha lena mbaineann agus d'údaráis na Rúise, Oileán na Tríonóide agus Tobága agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, d'allmhaireoirí agus comhlachais aitheanta a dhéanann ionadaíocht ar leasanna úsáideoirí arb eol iad a bheith bainteach, gur tionscnaíodh an t-athbhreithniú éaga agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(9) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an oifigeach éisteachta in imeachtaí trádála.

(10) D'áitigh údaráis na Rúise go raibh tionscnamh an imscrúdaithe ar neamhréir leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a mhéid a chinn Tuarascáil an Phainéil in *AE – Modheolaíochtaí Coigeartaithe Costas II (an Rúis)* ([6]) nach raibh an mhodheolaíocht coigeartaithe costais a d'úsáid an Coimisiún san imscrúdú bunaidh ag teacht le hAirteagail 2.2.1.1 agus 2.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT. Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil tuarascáil an phainéil i dtrácht fós faoi achomharc. In aon chás, tá na fíorais a scrúdaigh an painéal sin éagsúil le fíorais an cháis seo. Go háirithe, san iarraidh ar athbhreithniú éaga a chuir Fertilizers Europe isteach tá ríomhanna dumpála a bunaíodh ar phraghsanna intíre iarbhír sa Rúis. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(11) An 14 Samhain 2024, líomhain údaráis na Rúise nach raibh iarraidh chuí-réasúnaithe ann de réir bhrí Airteagal 11.3 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT ós rud é nach raibh fianaise leordhóthanach san iarraidh gur dócha go dtarlódh dumpáil agus díobháil an athuair nó go leanfaí díobh. Thagair údaráis na Rúise do ríomhanna dumpála faoin modheolaíocht chaighdeánach, mar a thugtar uirthi, agus líomhain siad nach ndearnadh achoimre chuí orthu. Dúirt údaráis na Rúise gur cheil an iarraidh ar pháirtithe Rúiseacha an deis sonraí a fhíorú, na ríomhanna a thuiscint agus a fhíorú agus barúil a thabhairt orthu toisc nach raibh achoimre chuí ar fhaisnéis rúnda san iarraidh, lena n-áirítear sonraí a chuir saineolaithe seachtracha ar fáil don iarratasóir, nó nach raibh ráiteas ar chúiseanna inti a mhíneodh cén fáth nárbh fhéidir achoimre a dhéanamh. Sa chomhthéacs sin, thagair údaráis na Rúise d'Airteagal 6.5.1 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT agus do roinnt Cinntí ó Phainéal EDT um Réiteach Díospóidí, lena n-áirítear *CE – Ceanglóirí (an tSín)* ([7]).

(12) Ina theannta sin, maidir leis an ngnáthluach ríofa a leag an t-iarratasóir amach san iarraidh, mhaígh údaráis na Rúise go raibh coigeartuithe ar na costais gáis nádúrtha a bunaíodh ar phraghsanna Waidhaus nó Baumgarten ar neamhréir le Comhaontú Frithdhumpála EDT. Chuige sin, rinne údaráis na Rúise tagairt do Thuarascáil Phainéal EDT maidir le Modheolaíochtaí Coigeartaithe Costas ([8]).

([5]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí meascán úiré agus níotráite amóiniam de thionscnamh na Rúise, Oileán na Tríonóide agus Tobága agus Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO C, C/2024/5996, 8.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5996/oj).

([6]) Tuarascáil an Phainéil, *EU – Cost Adjustment Methodologies II (Russia)*, WT/DS494/R, mír 8.1 agus Roinn 7 'Torthaí' i dtuarascáil an phainéil.

([7]) Tuarascáil an Phainéil, CE – Ceanglóirí (an tSín), WT/DS397/R, mír 7.515.

([8]) Tuarascáil an Phainéil, *EU – Cost Adjustment Methodologies II (Russia)*, WT/DS494/R.

(13) Le tíolacadh an 16 Samhain 2024, ([9]) líomhain Methanol Holdings (Trinidad) Limited ('MHTL'), táirgeoir onnmhairiúcháin atá lonnaithe in Oileán na Tríonóide agus Tobága, nár chomhlíon an iarraidh caighdeáin dhlíthiúla a mhéid a bhaineann leis an líomhain gur dócha go dtarlódh dumpáil an athuair mar thoradh ar dhul in éag na mbeart i leith allmhairí ó Oileán na Tríonóide agus Tobága. Shonraigh MHTL gur corrlaigh dhiúltacha dumpála a bhí á léiriú ag an iarraidh maidir le honnmhairí UNA ó Oileán na Tríonóide agus Tobága chuig an Aontas.

(14) Le tíolacadh an 18 Samhain 2024, ([10]) bhí CF Industries Holdings, Inc. ('CFI'), táirgeoir onnmhairiúcháin atá lonnaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá, ag teacht le húdaráis na Rúise a mhéid a bhaineann lena dodhéanta atá sé do pháirtithe leasmhara sonraí, measúnuithe agus foinsí áirithe san iarraidh a fhíorú. Chaith CFI amhras freisin ar dhlisteanacht cuid de mhaímh an iarratasóra mar gheall ar neamhréireachtaí idir na figiúirí san iarraidh agus in Eurostat maidir le hallmhairí ó na Stáit Aontaithe in 2020 agus 2021.

(15) Le tíolacadh an 18 Samhain 2024, ([11]) d'áitigh JSC Nevinnomyssky Azot (Eurochem) agus JSC Novomoskovsk Azot (NAK Azot) (dá ngairtear 'Eurochem' go comhpháirteach) nár soláthraíodh fianaise leordhóthanach sa leagan den iarraidh ar athbhreithniú éaga a chuir Fertilizers Europe isteach an 28 Meitheamh 2024 ('iarraidh bhunaidh') maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil nó den díobháil trí bhíthin allmhairí UNA ón Rúis. D'athdhearbhaigh Eurochem freisin nach bhféadfaí an easpa fianaise leordhóthanaí sin san iarraidh bhunaidh a cheartú le faisnéis bhreise arna cur isteach ag an iarratasóir le linn na tréimhse 3 mhí roimh dhul in éag na mbeart bunaidh. Thagair sé, i ndáil leis sin, don leagan oscailte den iarraidh ar athbhreithniú éaga dar dáta an 9 Meán Fómhair 2024 a cuireadh ar fáil do pháirtithe leasmhara sa cháschomhad. D'iarr Eurochem, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún an iarraidh bhunaidh a chur ar fáil do Eurochem.

(16) Thairis sin, mhaígh Eurochem nach raibh fianaise leordhóthanach san iarraidh bhunaidh gur dócha go leanfaí den dumpáil dá rachadh na bearta in éag. D'áitigh sé gur léir go raibh an praghas onnmhairiúcháin arna chinneadh ag an iarratasóir míchruinn toisc gur bunaíodh é ar mhodheolaíocht éagórach agus nach raibh fianaise ann chun tacú leis. Go sonrach, líomhain Eurochem gur baineadh úsáid mhícheart as meánphraghas allmhairiúcháin bliantúil i gcás na Rúise san iarraidh, ach gur cheart brath ar mheánphraghsanna míosúla allmhairiúcháin toisc go raibh luaineacht mhór i bpraghsanna UNA in 2023. Ina theannta sin, san iarraidh, bunaíodh meánphraghas allmhairiúcháin allmhairí UNA ón Rúis in 2023 ar Eurostat agus coigeartaíodh é le haghaidh costais iompair laistigh den Rúis agus idir an Rúis agus an Fhrainc (Rouen). Dar le Eurochem, ghlac coigeartuithe den sórt sin go mícheart leis go mbíonn costais iompair le haghaidh loingsiú laistigh den Rúis i gceist le hallmhairí uile ón Rúis ós rud é gur úsáid Acron, mór-onnmhaireoir Rúiseach, a chríochfort UNA féin san Eastóin, agus gur tháinig na hallmhairí uile ón Rúis isteach san Aontas tríd an bhFrainc ach, dar le Eurochem, gur allmhairíodh an tríú cuid d'allmhairí UNA na Rúise trí Bhallstáit eile.

(17) Ina theannta sin, mhaígh Eurochem nár soláthraíodh aon fhianaise san iarraidh le haghaidh roinnt toimhdí maidir le praghas onnmhairiúcháin UNA de thionscnamh na Rúise a chinneadh, mar shampla go raibh díolacháin UNA ón Rúis chuig an Aontas ag Acron, go raibh iompar UNA laistigh den Rúis agus ón Rúis chuig an bhFrainc aige chomh maith le costais ghaolmhara ar an iompar sin. I ndáil leis sin, tagraíodh san iarraidh do roinnt iarscríbhinní rúnda gan cúis mhaith a thabhairt lena leithéid de chóireáil rúnda. D'áitigh Eurochem gur leagan gan bhrí é an leagan neamhrúnda de na hiarscríbhinní sin ina raibh raonta áirithe agus nach leor é chun go bhfaigheadh páirtithe leasmhara tuiscint réasúnta ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach.

(18) Thairis sin, mhaígh Eurochem gur bunaíodh cinneadh an ghnáthluacha freisin ar mhodheolaíocht éagórach agus nach raibh fianaise ann le tacú leis. Shonraigh Eurochem go raibh sé contrártha le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán go ndearnadh comparáid san iarraidh idir praghsanna onnmhairiúcháin gléasra sa Rúis nach raibh aon díolacháin intíre aige (JSC Acron) agus praghsanna díolacháin intíre gléasra sa Rúis a raibh idir dhíolacháin intíre agus onnmhairiúcháin araon aige (NAK nó Nevinka). Dar le Eurochem, gur cheart praghsanna intíre agus onnmhairiúcháin an ghléasra chéanna a ghlacadh san iarraidh, sin nó meánphraghsanna onnmhairiúcháin na Rúise agus meánphraghsanna díolacháin intíre na Rúise. Ina ionad sin, bhraith an iarraidh go hearráideach ar phraghsanna eintiteas dlítheanach nach raibh inchomparáide.

([9]) t24.010155.
([10]) t24.010183.
([11]) t24.010186.

(19) Mhaígh Eurochem freisin nár bhain an t-iarratasóir úsáid as trí fhoinse aitheanta praghsanna míosúla UNA i margadh na Rúise, eadhon Argus, Chemcourier agus SPIMEX agus ina ionad sin gur bhraith sé ar thuairimíocht gan taca ó shaineolaí nó sainchomhairleoir gan ainm. Chomh maith leis sin, ós rud é go raibh praghsanna UNA ag athrú go mór le linn 2023, ba cheart don iarraidh an gnáthluach a chinneadh bunaithe ar phraghsanna míosúla an mhargaidh baile, seachas ar mheánphraghsanna bliantúla.

(20) Thairis sin, d'athdhearbhaigh Eurochem na barúlacha a thug údaráis na Rúise, a mhéid a bhaineann le hachoimriú cuí nárbh ann dó ar fhaisnéis rúnda maidir le sonraí an ghnáthluacha.

(21) Thairis sin, líomhain Eurochem nár sholáthair an iarraidh fianaise ar staid mhargaidh ar leith de réir bhrí Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán, agus maidir leis an modheolaíocht coigeartaithe costais trína gcuirtear praghas tagarmhairc bunaithe ar phraghsanna gáis ag Waidhaus agus Baumgarten in ionad costais iarbhír gáis sa Rúis go raibh sí ar neamhréir leis na rialacha EDT is infheidhme. D'áitigh Eurochem freisin go mbeadh sé i gcoinbhleacht freisin le rialacha an Aontais agus na hEagraíochta Domhanda Trádála gnáthluach a ríomh a bunaíodh ar chostais díola, ghinearálta agus riaracháin agus ar bhrabús a eascraíonn ó tháirgeoirí UNA i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

(22) Ina theannta sin, d'áitigh Eurochem nár chuir an iarraidh fianaise leordhóthanach ar fáil go leanfaí den díobháil trí bhíthin allmhairí ón Rúis mar thoradh ar dhul in éag na mbeart agus nach ndearnadh anailís inti ar éifeacht tosca éagsúla eile ba chúis le díobháil do thionscal an Aontais, amhail allmhairí ó thríú tíortha, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, éabhlóid an tomhaltais, praghas úiré, costais táirgthe mhéadaithe ag táirgeoirí de chuid an Aontais agus ceannacháin UNA arna ndéanamh ag táirgeoirí de chuid an Aontais.

(23) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an iarraidh i gcomhréir le hAirteagail 11(2) agus 5 den bhun-Rialachán agus tháinig sé ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais maidir le himscrúdú ar athbhreithniú éaga a thionscnamh. Mheas an Coimisiún gur léirigh an fhianaise *prima facie* a cuireadh i láthair san iarraidh staid inar dócha, ar dhul in éag na mbeart, go leanfar den dumpáil agus/nó go ndéanfar an athuair í agus go leanfar den díobháil do thionscal an Aontais nó go ndéanfar an athuair í, ar díobháil í a d'fhág gurbh fhiú imscrúdú a thionscnamh i gcomhréir leis an dlí. Is é sin le rá, fuarthas go raibh bunús leordhóthanach leis an iarraidh agus, dá bhrí sin, gur cheart imscrúdú breise a dhéanamh uirthi. Rinneadh an measúnú sin roimh an tréimhse 3 mhí sula ndeachaigh na bearta bunaidh in éag. Is éard a bhí sa leagan den iarraidh dar dáta an 9 Meán Fómhair 2025 a cuireadh ar fáil do pháirtithe leasmhara sa cháschomhad tráth thionscnamh an imscrúdaithe comhdhlúthú ar an iarraidh agus fianaise chomhthacaíoch áirithe arna cur isteach ag an iarratasóir, nach raibh ina fianaise ná ina hargóintí nua i gcomparáid leis an leagan bunaidh den iarraidh. Go sonrach a mhéid a bhaineann le hiarraidh Eurochem an leagan bunaidh den iarraidh a fháil, roinn an Coimisiún é sin le Eurochem ar an 15 Eanáir 2025. I ndáil leis sin, tugann an Chúirt dá haire, i gcomhréir le breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCásanna Uamtha C-554/23 P, C-568/23 P, Fertilisers Europe agus an Coimisiún v Nevinnomysskiy Azot agus NAK 'Azot', ([12]) gurb é an léirmhíniú nach mór a dhéanamh ar Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála go bhfuil an Coimisiún i dteideal fianaise a chur san áireamh a chuir táirgeoirí de chuid an Aontais ar fáil, arna iarraidh sin dó, sa tréimhse 3 mhí roimh dhul in éag na mbeart frithdhumpála, chun a chinneadh an iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta frithdhumpála sin.

(24) Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh a rinne na ceithre pháirtí maidir le dlíthiúlacht an tionscnaimh agus leordhóthanacht na fianaise a cuireadh i láthair san iarraidh. I ndáil leis sin, chuir an Coimisiún i dtábhacht nach mór fianaise *prima facie* leordhóthanach a bheith in iarraidh ar athbhreithniú. Go háirithe, de réir an chásdlí shocair, tá cainníocht agus cáilíocht na fianaise is gá chun na critéir maidir le leordhóthanacht na fianaise a chomhlíonadh chun athbhreithniú éaga a thionscnamh éagsúil leis an bhfianaise is gá chun réamhchinneadh nó cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir le dumpáil agus díobháil a bheith ann, an dtarlóidís arís nó an leanfaí dóibh ([13]).

([12]) Breithiúnas an 30 Aibreán 2025, *Fertilisers Europe agus an Coimisiún Eorpach v AO Nevinnomysskiy Azot agus AO Novomoskovskaya Aktsionernaya Kompania NAK 'Azot'*, C-554/23 P agus C-568/23 P, ECLI:EU:C:2025:291.

([13]) Féach, de réir analaí, Breithiúnas ón 11 Iúil 2017, *Viraj Profiles Ltd v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, Cás T-67/14, ECLI:EU:T:2017:481, mír. 98.

(25) Áiríodh san iarraidh a chuir an t-iarratasóir isteach ríomhanna mionsonraithe lena léirítear gur leanadh den dumpáil sa Rúis bunaithe ar fhianaise atá ar fáil go réasúnach don iarratasóir. Mheas an Coimisiún gur leor cainníocht agus cáilíocht na fianaise a chuir an t-iarratasóir isteach chun an t-athbhreithniú éaga a thionscnamh. I ndáil leis sin, i gcontrárthacht lenar chuir Eurochem isteach, níl aon oibleagáid ann faoi Airteagal 11 den bhun-Rialachán go dtabharfadh iarraidh ar athbhreithniú éaga léiriú dílis, sna ríomhanna maidir le corrlach dumpála, ar bhealaí dáileacháin éagsúla uile an táirge lena mbaineann sna tíortha faoi bhreathnú agus san Aontas. Ar an gcaoi chéanna, níl aon riachtanas dlí ann go gcumhdódh an iarraidh na díolacháin intíre nó onnmhairiúcháin ina n-iomláine ná mionchoigeartuithe a chur i láthair sna ríomhanna. Ina theannta sin, ba leor na meánríomhanna bliantúla a chuir an t-iarratasóir isteach chun corrlach dumpála *prima facie* a shuí. Níl aon oibleagáid ar iarratasóir a thíolacann iarraidh ar athbhreithniú éaga ríomhanna míosúla maidir le corrlach dumpála a dhéanamh roimh an gcéim thionscnaimh.

(26) Ar an gcaoi chéanna, mheas an Coimisiún nach bhféadfadh aon cheann de na barúlacha a chuir Eurochem isteach maidir le díobháil agus cúisíocht, a achoimríodh in aithris (22) thuas, amhras inchreidte a chaitheamh ar leordhóthanacht na fianaise ábhartha mionsonraithe a cuireadh isteach mar chuid den iarraidh.

(27) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur léir go dtéann cainníocht agus cáilíocht na fianaise a bhí á héileamh ag Eurochem go háirithe níos faide ná an caighdeán *prima facie*. Diúltaíodh do mhaímh Eurochem dá réir sin.

(28) Dírítear a thuilleadh ar an maíomh a rinne údaráis na Rúise maidir leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar an ngnáthluach don Rúis sa roinn faoi seach lena gcumhdaítear an measúnú dumpála, go háirithe faoi aithrisí (56), (60) agus (61) thíos.

(29) A mhéid a bhaineann leis an maíomh ó MHTL a bhaineann leis an bhfianaise atá in easnamh maidir leis an dóchúlacht go dtarlódh dumpáil arís, d'aontaigh an Coimisiún gur léirigh an iarraidh corrlaigh dhiúltacha dumpála maidir le hOileán na Tríonóide agus Tobága. I gcás nach ann a thuilleadh don dumpáil tar éis fhorchur na mbeart, ní mór go deimhin d'aon anailís ar athbhreithniú éaga díriú ar an dóchúlacht go ndéanfaí dumpáil an athuair. Thug an Coimisiún dá aire gur sholáthair an t-iarratasóir fianaise leordhóthanach, bunaithe ar shonraí a bhí ar fáil go réasúnach, lena léirítear an dóchúlacht go dtarlódh dumpáil ó Oileán na Tríonóide agus Tobága arís i roinnt cásanna sochreidte agus i gcomhréir leis an gcaighdeán dlí ábhartha. Mheas an Coimisiún nach féidir leis na hargóintí a chuir MHTL isteach amhras a chaitheamh ar leordhóthanacht na fianaise a áiríodh san iarraidh.

(30) Mheas an Coimisiún gur cuireadh an iarraidh isteach le leagan neamhrúnda atá soiléir agus mionsonraithe go leor. Leis an leagan neamhrúnda, tugadh tuiscint fhóinteach do pháirtithe leasmhara ar na forais dhlíthiúla agus fhíorasacha atá mar bhonn taca leis an iarraidh, rud a chuir ar a gcumas barúlacha críochnúla a chur isteach ag an gcéim thionscnaimh. Thug an Coimisiún dá aire freisin, le linn na n-imeachtaí, go ndearna an t-iarratasóir nochtadh breise faisnéise agus iarscríbhinní a ghabhann leis an iarraidh, ar faisnéis agus iarscríbhinní iad a coinníodh faoi rún ar dtús. Cuireadh doiciméad na n-iarratasóirí i gcomhad oscailte an imscrúdaithe agus cuireadh ar fáil do pháirtithe leasmhara é. Dá réir sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh a d'ardaigh páirtithe leasmhara ina leith sin.

1.6. **Sampláil**

(31) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.6.1. *Táirgeoirí an Aontais a shampláil*

(32) San fhógra tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn na hionadaíochta i dtéarmaí mhéid táirgeachta agus díolachán an táirge chomhchosúil san Aontas idir an 1 Iúil 2023 agus an 30 Meitheamh 2024. Breithníodh an raon geografach freisin. Is é a bhí sa sampla sin trí tháirgeoir de chuid an Aontais. B'ionann táirgeoirí sampláilte an Aontais agus thart ar 64 % de mhéid iomlán measta tháirgeacht an táirge chomhchosúil san Aontas ag an gcéim thionscnaimh agus 75 % de na díolacháin isteach san Aontas ó na táirgeoirí a thug freagra ar an nós imeachta atá idir lámha. Bhí an sampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais.

(33) I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach. Líomhain an táirgeoir onnmhairiúcháin CFI go ndearnadh ró-ionadaíocht ar tháirgeoirí Oirthear na hEorpa leis an sampla a moladh agus nár comhlíonadh na caighdeáin bhunaithe ionadaíochais leis agus d'iarr sé go gcuirfí táirgeoir breise (Isiltíreach) leis an sampla táirgeoirí de chuid an Aontais. Dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh CFI ar an bhforas go raibh an sampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais i dtéarmaí táirgthe agus díolacháin araon agus, i bhfianaise shuíomhanna na dtáirgeoirí de chuid an Aontais, i dtéarmaí raon geografach freisin toisc go raibh cuideachtaí ann ó chodanna éagsúla den Aontas (an Ghearmáin, an Pholainn agus an Liotuáin).

1.6.2. *Allmhaireoirí a shampláil*

(34) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(35) Sholáthair dhá allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

1.6.3. *Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Rúis, in Oileán na Tríonóide agus Tobága agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá a shampláil*

(36) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa Rúis, in Oileán na Tríonóide agus Tobága agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá an fhaisnéis a sonraíodh san fhógra tionscnaimh a sholáthar.

(37) Ar dtús, sholáthair an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin ón Rúis JSC Nevinnomyssky Azot (Eurochem) agus JSC Novomoskovsk Azot (NAK Azot) (dá ngairtear 'Eurochem' go comhpháirteach, féach aithris (15)) an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad a bhí ann, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil agus d'iarr sé ar an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin freagra iomlán ar an gceistneoir a chur isteach.

(38) Sholáthair táirgeoir onnmhairiúcháin amháin in Oileán na Tríonóide agus Tobága agus táirgeoir onnmhairiúcháin amháin i Stáit Aontaithe Mheiriceá an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad a bhí ann i gcás gach tíre, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil agus d'iarr sé ar an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin freagra iomlán ar an gceistneoir a chur isteach.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir**

(39) D'iarr an Coimisiún ar na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais, ar an dá allmhaireoir neamhchomhlachaithe a chuir iad féin in iúl agus ar na ceithre tháirgeoir onnmhairiúcháin sna tíortha lena mbaineann a chuir iad féin in iúl na ceistneoirí a líonadh isteach, ceistneoirí a cuireadh ar fáil ar a shuíomh gréasáin ([14]) lá an tionscnaimh. Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig an iarratasóir d'fhonn sonraí a bhailiú maidir leis na macratháscairí.

(40) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó thrí tháirgeoir shampláilte an Aontais, ón iarratasóir, ó dhá allmhaireoir neamhchomhlachaithe san Aontas, agus ó gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin in Oileán na Tríonóide agus Tobága agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

(41) Níor chuir an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin ón Rúis aon fhreagra ar an gceistneoir isteach faoin sprioc-am a bhí leagtha síos ag an gCoimisiún.

1.8. **Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm**

(42) Le litir dar dáta an 12 Nollaig 2024, chuir an Coimisiún in iúl don dá tháirgeoir onnmhairiúcháin ón Rúis gur mheas sé gur páirtithe neamh-chomhoibríocha iad agus chuir sé ar an eolas iad faoina rún Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm agus úsáid a bhaint as na fíorais a bhí ar fáil chun a thorthaí san imscrúdú a chinneadh. Chuir an Coimisiún údaráis na Rúise ar an eolas freisin faoina rún na fíorais a bhí ar fáil a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

([14]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2751.

(43) Le litir dar dáta an 19 Nollaig 2024, níor thoiligh an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin ón Rúis le cur i bhfeidhm beartaithe Airteagal 18 den bhun-Rialachán. Mar sin féin, níor chuir an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin ón Rúis freagra isteach ar an gceistneoir a bhí fós amuigh ach is amhlaidh a cheistigh siad dlíthiúlacht thionscnamh an imscrúdaithe athbhreithnithe atá ar siúl faoi láthair. Go háirithe, líomhain siad nár sholáthair an Coimisiún cóip den iarraidh ar athbhreithniú éaga ó Fertilizers Europe cé go raibh sé d'oibleagáid air í a sholáthar an 8 Deireadh Fómhair 2024, an lá a tionscnaíodh an t-athbhreithniú atá ar siúl faoi láthair. Ar an mbonn sin, tháinig an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin ón Rúis ar an gconclúid gur chuir an Coimisiún bac ar a gcomhar leis an athbhreithniú éaga. Díríodh tuilleadh ar an gceist sin faoi aithris (23) thuas.

1.9. **Fíorú**

(44) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil agus den díobháil nó go ndéanfaí an athuair iad agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí de chuid an Aontais agus a gcomhlachas:

— AB Achema, Jonava, an Liotuáin

— Grupa Azoty Zakłady Azotowe Puławy S. A., Puławy, an Pholainn

— SKW Stickstoffwerke Piesteritz GmbH, Lutherstadt Wittenberg, an Ghearmáin

— Fertilisers Europe, an Bhruiséil, an Bheilg

Táirgeoirí onnmhairiúcháin in Oileán na Tríonóide agus Tobága agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá:

— Methanol Holdings (Trinidad) Limited, Point Lisas, Oileán na Tríonóide agus Tobága

— CF Industries Holdings, Inc., Northbrook, Stáit Aontaithe Mheiriceá

Allmhaireoir comhlachaithe:

— Helm AG, Hamburg, an Ghearmáin

(a) *An nós imeachta ina dhiaidh sin*

(45) An 20 Samhain 2025, nocht an Coimisiún na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe na dleachtanna frithdhumpála atá ann cheana a choinneáil i bhfeidhm. Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(46) Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha a thug na páirtithe leasmhara agus cuireadh san áireamh iad, i gcás inarb iomchuí. Deonaíodh éisteacht do na páirtithe a d'iarr amhlaidh.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(47) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge san imscrúdú bunaidh, mar atá meascáin d'úiré agus níotráit amóiniam i dtuaslagán uiscí nó amóiniach ('UNA'), a aicmítear faoi láthair faoi chód AC 3102 80 00 ('an táirge faoi athbhreithniú').

(48) Is leasachán nítrigine leachtach é UNA a úsáidtear de ghnáth i roinnt barr curaíochta.

(49) Is é an cion nítrigine an ghné is suntasaí den táirge faoi athbhreithniú. D'fhéadfadh sé a bheith idir 28 % agus 32 % de UNA, ag brath ar chion uisce an tuaslagáin. Go ginearálta, is 32 % UNA a bhíonn sna tuaslagáin a allmhairítear ós rud é gur saoire UNA níos comhchruinnithe a loingsiú. Mar sin féin, cibé cion nítrigine atá iontu, meastar go bhfuil na buntréithe fisiceacha agus ceimiceacha céanna ag gach tuaslagán úiré agus níotráite amóiniam agus, dá bhrí sin, gur táirge aonair iad.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(50) Is é an táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Rúise, Oileán na Tríonóide agus Tobága agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, a thagann faoi chód AC 3102 80 00 faoi láthair.

2.3. **An táirge comhchosúil**

(51) Faoi mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, is amhlaidh a dheimhnigh an t-athbhreithniú éaga atá ar siúl faoi láthair go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha agus ceimiceacha, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh baile na dtíortha lena mbaineann;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin leis an gcuid eile den domhan; agus

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(52) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **An Rúis**

3.1.1. *Réamhbharúlacha*

(53) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, leanadh d'allmhairí UNA ón Rúis, cé go raibh siad ar leibhéil ní b'ísle ná mar a bhí i dtréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh (i.e. ón 1 Iúil 2017 go dtí an 30 Meitheamh 2018). De réir Eurostat, b'ionann allmhairí UNA ón Rúis agus 12,4 % de mhargadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le sciar 13,4 % den mhargadh le linn an imscrúdaithe bunaidh. I dtéarmaí coibhneasta, tháinig laghdú 47 % ar mhéid onnmhairí UNA na Rúise chuig an Aontas, agus i ndearbhthéarmaí, bhí laghdú 289 952 tona ann.

3.1.2. Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm

(54) Mar a luaitear in aithris (42), níor chomhoibrigh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón Rúis san imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na Rúise go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún, in éagmais comhoibriú, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí i dtaca leis an Rúis. Thug Eurochem freagra ar fhaisnéis an Choimisiúin an 19 Nollaig 2024 agus d'athdhearbhaigh sé go raibh sé ar intinn aige gan comhoibriú san imscrúdú i bhfianaise na n-earráidí líomhnaithe a rinneadh ag céim an tionscnaimh ar tugadh aghaidh orthu i Roinn 1.5 thuas. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúlacha breise ná aon iarrataí ar idirghabháil ón Oifigeach Éisteacha i dtaca leis sin.

(55) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bunaíodh na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go ndéanfar an athuair í ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe ar shonraí arna soláthar ag na hiarratasóirí san iarraidh agus ar staidreamh allmhairiúcháin ó Eurostat.

3.1.3. *An Gnáthluach*

(56) Mar a luadh in aithris (55) thuas, in éagmais comhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Rúis, d'úsáid an Coimisiún na fíorais a bhí ar fáil chun an gnáthluach a shuí. Chuige sin, d'úsáid an Coimisiún sonraí arna soláthar ag an iarratasóir san iarraidh. Bunaíodh na sonraí sin ar fhaisnéis mhargaidh a raibh rochtain ag an iarratasóir uirthi. Is éard a bhí sa ghnáthluach measta praghas intíre díreach ón monarcha, EUR 165 in aghaidh an tona sa bhliain 2023.

3.1.4. *An praghas onnmhairiúcháin*

(57) In éagmais chomhoibriú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sa Rúis, d'úsáid an Coimisiún na fíorais a bhí ar fáil chun an praghas onnmhairiúcháin a shuí.

(58) Cinneadh an praghas onnmhairiúcháin bunaithe ar shonraí faisnéise margaidh a soláthraíodh san iarraidh. Dá réir sin, ba é EUR 135 in aghaidh an tona an praghas onnmhairiúcháin díreach ón monarcha le haghaidh na bliana 2023.

3.1.5. ***Comparáid***

(59) Mar a luadh sna haithrisí thuas, d'úsáid an Coimisiún sonraí an ghnáthluacha agus sonraí praghsanna onnmhairiúcháin arna gcoigeartú do leibhéil phraghais díreach ón monarcha chun an chomparáid a dhéanamh faoi Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán.

3.1.6. *Corrlaigh dhumpála*

(60) Léiríodh sa chomparáid thuas go raibh na praghsanna onnmhairiúcháin chuig an Aontas, arna sloinneadh mar chéatadán de luach CAL, 16,7 % níos ísle ná an gnáthluach suite. In aon chás, chinn an Coimisiún dá mbeadh sé ag brath ar ghnáthluach ríofa bunaithe ar phraghsanna coigeartaithe gáis nádúrtha ([15]), go mbeadh difríocht níos mó fós idir na praghsanna onnmhairiúcháin agus an gnáthluach suite: is é sin 44 %.

(61) Ós rud é go bhfuarthas go raibh dumpáil ann i ndáil leis an Rúis faoi aon chás sochreidte, mheas an Coimisiún nach raibh bunús le maímh Eurochem a bhí dírithe ar úsáid modheolaíochta gnáthluacha ríofa, a achoimrítear in aithris (21) thuas, a dhícháiliú.

(62) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

3.2. **Oileán na Tríonóide agus Tobága**

3.2.1. *Réamhbharúlacha*

(63) Ba é MHTL an t-aon táirgeoir UNA a bhí ar eolas in Oileán na Tríonóide agus Tobága le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(64) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i ndearbhthéarmaí, leanadh d'allmhairí UNA ó Oileán na Tríonóide agus Tobága ar na leibhéil chéanna nach mór is a bhí ann le linn thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh. Bunaithe ar fhigiúirí Eurostat, b'ionann allmhairí UNA ó Oileán na Tríonóide agus Tobága agus thart ar 9,8 % de mhargadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le sciar 8,1 % den mhargadh le linn an imscrúdaithe bunaidh. Míniú ar an méadú coibhneasta ar an sciar den mhargadh is ea go raibh leibhéal thomhaltas an Aontais i bhfad níos lú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le tréimhse an imscrúdaithe bunaidh.

3.2.2. *An Gnáthluach*

(65) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús chun a fháil amach an méid ionadaíoch a bhí i méid iomlán na ndíolachán intíre i gcás MHTL, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán.

(66) Ós rud é nach raibh aon díolachán den táirge comhchosúil ar an margadh intíre agus nárbh fhéidir praghsanna intíre a aimsiú (in éagmais aon tomhaltas intíre), ríomh an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus 2(6)(b) den bhun-Rialachán.

([15]) Sa chás sin, is éard a bhí sa ghnáthluach luach costais táirgthe aonaid díreach ó mhonarcha Novgorod, arna choigeartú le praghas gáis nádúrtha a chuireann soláthróirí gáis ón Rúis i bhfeidhm ar úsáideoirí Eorpacha i leith gás nádúrtha a thagann isteach san Aontas ag Waidhaus. Chun teacht ar an ngnáthluach iomlán, chuir na hiarratasóirí corrlach brabúis 10 % san áireamh. Ar an mbonn sin, ba é EUR 199 in aghaidh an tona an gnáthluach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(67) Ríomhadh an gnáthluach tríd an méid seo a leanas a chur leis an meánchostas táirgthe a bhain le táirge comhchosúil an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe:

(a) méideanna iarbhír na gcostas SGA arna dtabhú ag MHTL ar tháirgeadh agus ar dhíolacháin na catagóire ginearálta céanna táirgí sa mhargadh intíre, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe; agus

(b) an méid iarbhír brabúis a rinne MHTL ar tháirgeadh agus ar dhíolacháin na catagóire ginearálta céanna táirgí sa mhargadh intíre, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.2.3. *An praghas onnmhairiúcháin*

(68) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, níor onnmhairigh MHTL chuig an Aontas ach amháin trí chuideachtaí comhlachaithe a bhí ag gníomhú mar allmhaireoirí. Rinneadh gach díolachán leis an Aontas trí allmhaireoir comhlachaithe sa Ghearmáin. Dhíol an t-allmhaireoir comhlachaithe sin an táirge lena mbaineann le custaiméirí neamhspleácha sa Ghearmáin nó le cuideachtaí comhlachaithe sa Fhrainc agus sa Spáinn, a dhíol an táirge lena mbaineann ar a seal le custaiméirí neamhspleácha ar a margaí náisiúnta faoi seach.

(69) Dá bhrí sin, suíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas de réir gach costais a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, costais caolúcháin agus costais measctha; agus ar bhrabús réasúnach.

(70) Maidir leis na costais caolúcháin agus measctha, a bhaineann go sonrach leis an gcás seo, níor onnmhairigh MHTL ach UNA ina raibh cion nítrigine 32 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, dhíol na hallmhaireoirí comhlachaithe UNA ina raibh cion nítrigine 32 % nó níos lú leis na custaiméirí neamhspleácha. Dá bhrí sin, i gcás ina ndearnadh an táirge lena mbaineann a chaolú le huisce nó a mheascadh le sulfar chun cion nítrigine níos lú a bhaint amach, áiríodh freisin sna coigeartuithe a luaitear in aithris (69) na costais bhreise a bhaineann le caolú agus meascadh a thabhaigh an t-allmhaireoir comhlachaithe.

3.2.4. *Comparáid*

(71) Chuir an Coimisiún an gnáthluach ríofa a suíodh i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus 2(6)(b) den bhun-Rialachán i gcomparáid, de réir chineál an táirge, le praghas onnmhairiúcháin an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha mar a suíodh thuas.

(72) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin de réir difríochtaí a imríonn tionchar ar phraghsanna agus ar inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe le haghaidh costais lasta agus árachais, dleachtanna custaim, costais láimhseála, luchtaithe agus choimhdeacha agus costais stórála, agus le haghaidh costais bhreise caolúcháin agus measctha arna dtabhú ag an allmhaireoir comhlachaithe.

3.2.5. *Corrlaigh dhumpála*

(73) Maidir le MHTL, an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe chineál comhfhreagrach an táirge faoi athbhreithniú, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(74) Agus úsáid á baint as an modheolaíocht a dtugtar tuairisc uirthi faoi aithris (70) thuas, ba é 35,1 % arna shloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc, an corrlach dumpála le haghaidh MHTL. Dá bhrí sin, ba é an chonclúid ar thángthas uirthi gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(75) Tar éis an nochta, líomhain DAKOFO ([16]) nach ndearnadh allmhairí UNA de thionscnamh Oileán na Tríonóide agus Tobága isteach san Aontas ar phraghsanna dumpáilte. Ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar phraghas onnmhairiúcháin isteach san Aontas, bhí DAKOFO ag brath ar luachana praghsanna allmhairiúcháin UNA ag críochfort Fredericia, de réir DAKOFO an críochfort is mó i réigiún Mhuir Bhailt a láimhseálann lastais UNA. Maidir leis an ngnáthluach, mheas DAKOFO nach raibh aon díolachán UNA ar mhargadh intíre Oileán na Tríonóide agus Tobága. Dá bhrí sin, d'úsáid sé gnáthluach ríofa a bhí bunaithe ar luachana CAL foilsithe New Orleans (NOLA).

([16]) Dansk Korn & Foder, comhlachas trádála don trádáil gráin agus beatha sa Danmhairg, https://dakofo.dk/.

(76) Dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh DAKOFO. Mar a leagtar amach in aithrisí (65) go (74), bhunaigh an Coimisiún a ríomh dumpála ar shonraí fíoraithe an aon táirgeoir comhoibríoch amháin agus, de réir na faisnéise ar comhad, an t-aon táirgeoir UNA atá ann in Oileán na Tríonóide agus Tobága. D'fhíoraigh an Coimisiún na sonraí sin ar an láthair. Ós rud é gur léirigh an ríomh sin gurbh ann do dhumpáil, deimhnítear conclúid an Choimisiúin maidir le leanúint den dumpáil i gcás Oileán na Tríonóide agus Tobága.

3.3. **Stáit Aontaithe Mheiriceá**

3.3.1. *Réamhbharúlacha*

(77) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, leanadh d'allmhairí UNA ó na Stáit Aontaithe, cé go raibh siad ar leibhéil ní b'ísle ná le linn thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh. Bunaithe ar fhigiúirí Eurostat, b'ionann allmhairí UNA ó na Stáit Aontaithe agus thart ar 20,6 % de mhargadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le sciar 16,2 % den mhargadh le linn an imscrúdaithe bunaidh.

3.3.2. *An Gnáthluach*

(78) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús féachaint an raibh méid iomlán na ndíolachán intíre i gcás an aon táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch amháin, CFI, ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Is díolacháin ionadaíocha na díolacháin intíre más ionann méid iomlán dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin agus 5 % ar a laghad de mhéid iomlán a dhíolachán onnmhairiúcháin den táirge faoi athbhreithniú leis an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an mbonn sin, bhí na díolacháin iomlána a rinne an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch maidir leis an táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(79) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún i leith an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú chuig an Aontas.

(80) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin féachaint an raibh díolacháin intíre an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch ar a mhargadh intíre i gcás gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas, ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Is díolacháin ionadaíocha cineáil táirge iad na díolacháin intíre más ionann méid iomlán dhíolacháin intíre an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus 5 % ar a laghad de mhéid iomlán dhíolacháin onnmhairiúcháin an chineáil táirge chomhionainn nó inchomparáide leis an Aontas. Shuigh an Coimisiún gur díolacháin ionadaíocha iad díolacháin intíre an aon chineáil táirge a dhíol an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch lena onnmhairiú chuig an Aontas.

(81) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre i gcás gach cineáil táirge le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe chun a chinneadh ar cheart díolacháin intíre iarbhír a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(82) Bunaítear an gnáthluach ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, gan beann ar cibé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, más rud é:

(a) go raibh méid díolachán an chineáil táirge, arna dhíol ar ghlanphraghas díola a bhí comhionann leis an gcostas táirgthe a ríomhadh nó os a chionn, comhionann le breis agus 80 % de mhéid díolachán iomlán an chineáil táirge sin; agus

(b) go bhfuil meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid an táirgthe nó níos mó ná sin.

(83) Sa chás sin, is é an gnáthluach meán ualaithe phraghsanna dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(84) Is é an gnáthluach an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge nach mbaineann ach le díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí sin, amháin, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, más rud é:

(a) go bhfuil 80 % nó níos lú de mhéid dhíolacháin iomlána an chineáil táirge sin i gceist le méid dhíolacháin bhrabúsacha an chineáil táirge: nó

(b) go bhfuil meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid an táirgthe.

(85) San anailís ar dhíolacháin intíre léiríodh go raibh [95 - 100] % de na díolacháin intíre uile brabúsach agus go raibh an meánphraghas ualaithe díolacháin níos airde ná an costas táirgthe. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe phraghsanna na ndíolacháin intíre uile le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.3.3. *An praghas onnmhairiúcháin*

(86) D'onnmhairigh an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha. Dá bhrí sin, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha iarbhír ar an táirge faoi athbhreithniú nuair a díoladh é lena onnmhairiú chuig an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.3.4. *Comparáid*

(87) Rinne an Coimisiún comparáid, in aghaidh an chineáil táirge, idir an gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha mar a suíodh thuas.

(88) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin de réir difríochtaí a imríonn tionchar ar phraghsanna agus ar inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe i leith lascainí, lacáistí agus difríochtaí i gcainníochtaí; costais iompair, árachais, láimhseála, lódála agus costais choimhdeacha agus costais chreidmheasa.

3.3.5. *Corrlaigh dhumpála*

(89) Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhain le cineál comhfhreagrach an táirge faoi athbhreithniú, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(90) Ar an mbonn sin, i gcás an táirgeora chomhoibríoch, ba é 52,2 % an meánchorrlach dumpála ualaithe, arna shloinneadh mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc. Dá bhrí sin, ba é an chonclúid ar thángthas uirthi gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(91) Tar éis an nochta, líomhain DAKOFO nach ndearnadh allmhairí UNA de thionscnamh na Stát Aontaithe isteach san Aontas ar phraghsanna dumpáilte. Ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar phraghas onnmhairiúcháin isteach san Aontas, bhí DAKOFO ag brath ar luachana praghsanna allmhairiúcháin UNA ag críochfort Fredericia, ar an gcaoi chéanna a mhaígh DAKOFO maidir le hallmhairí ó Oileán na Tríonóide agus Tobága (féach aithris (75) thuas). Maidir leis an ngnáthluach, d'úsáid DAKOFO luachana CAL de chuid New Orleans (NOLA) a foilsíodh, ós rud é go léiríonn na luachana sin na praghsanna intíre is iníoctha sna Stáit Aontaithe.

(92) Dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh DAKOFO. Mar a leagtar amach in aithrisí (78) go (90), bhunaigh an Coimisiún a ríomh dumpála ar shonraí fíoraithe an aon táirgeoir comhoibríoch UNA amháin. D'fhíoraigh an Coimisiún na sonraí sin ar an láthair. Ós rud é gur léirigh an ríomh sin gurbh ann do dhumpáil, deimhnítear conclúid an Choimisiúin maidir le leanúint den dumpáil i gcás na Stát Aontaithe.

4. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL

4.1. **An Rúis**

(93) Anuas ar an toradh lena bhfuarthas gurbh ann do dhumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe maidir leis an Rúis, rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil, dá rachadh na bearta in éag. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa Rúis agus a tharraingtí atá margadh an Aontais.

4.1.1. *Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa Rúis*

(94) Suíodh leis an imscrúdú go raibh an acmhainneacht táirgeachta iomlán agus an acmhainneacht bhreise sa Rúis suntasach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. De réir na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir, bhí acmhainneacht táirgeachta chomhiomlánaithe na dtáirgeoirí Rúiseacha aitheanta uile os cionn 3 500 000 tona in aghaidh na bliana, agus bhí acmhainneachtaí breise thart ar 30 % ann ar an meán in aon bhliain den tréimhse faoi bhreathnú.

4.1.2. *A tharraingtí atá margadh an Aontais*

(95) Scrúdaigh an Coimisiún an dóigh go méadódh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Rúise a ndíolacháin onnmhairiúcháin ar mhargadh an Aontais ar phraghsanna dumpáilte dá ligfí do na bearta dul in éag.

(96) Níor chuir na bearta frithdhumpála a bhí ann isteach ar a tharraingtí a bhí margadh an Aontais. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí na méideanna allmhairí bliantúla os cionn 300 000 tona ann in aghaidh na bliana, arb ionann agus beagnach leath mhéid na n-allmhairí a fuarthas sa tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh, agus níos mó ná leath an mheánmhéid bhliantúil a breathnaíodh sa tréimhse faoi bhreathnú san imscrúdú bunaidh, a mhair ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 30 Meitheamh 2018. Meabhraítear freisin gur ar phraghsanna dumpáilte a rinneadh na díolacháin sin isteach san Aontas, fiú agus bearta frithdhumpála i bhfeidhm. Dá bhrí sin, má théann na bearta in éag, is dócha go méadóidh méideanna na n-allmhairí dumpáilte.

4.1.3. *Conclúid*

(97) Níor chuir na bearta frithdhumpála is infheidhme cosc ar tháirgeoirí na Rúise leanúint de mhéideanna suntasacha UNA a dhíol isteach san Aontas ar phraghsanna dumpáilte. Má ligtear na bearta in éag, is dócha go ndíolfaidh na táirgeoirí sin méideanna níos mó fós ar phraghsanna dumpáilte isteach san Aontas, toisc go bhfuil an acmhainneacht bhreise acu chun é sin a dhéanamh (féach aithris (94)).

4.2. **Oileán na Tríonóide agus Tobága**

(98) Anuas ar an toradh lena léiríodh gurbh ann don dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (féach aithris (74)), rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil, dá rachadh na bearta in éag. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise in Oileán na Tríonóide agus Tobága agus a tharraingtí atá margadh an Aontais.

4.2.1. *Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise in Oileán na Tríonóide agus Tobága*

(99) Suíodh leis an imscrúdú go raibh an acmhainneacht táirgeachta iomlán agus an acmhainneacht bhreise in Oileán na Tríonóide agus Tobága suntasach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ar an meán, bhí an acmhainneacht bhreise bhliantúil os cionn 400 000 tona le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí níos mó ná 700 000 tona ann in 2023.

4.2.2. *A tharraingtí atá margadh an Aontais*

(100) Níor bhain bearta frithdhumpála de tharraingteacht mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí méideanna allmhairí bliantúla ó Oileán na Tríonóide agus Tobága os cionn 400 000 tona in aghaidh na bliana le linn na tréimhse faoi bhreathnú, atá níos mó ná mar a bhí sa tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh agus gar don mheán bliantúil a breathnaíodh sa tréimhse faoi bhreathnú san imscrúdú bunaidh, a mhair ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 30 Meitheamh 2018. Meabhraítear freisin gur ar phraghsanna dumpáilte a rinneadh na díolacháin sin isteach san Aontas, fiú agus bearta frithdhumpála i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is dócha, má théann na bearta in éag, go leanfar leis an méadú ar allmhairí dumpáilte.

4.2.3. *Conclúid*

(101) Níor chuir na bearta frithdhumpála is infheidhme cosc ar MHTL leanúint de mhéideanna suntasacha UNA a dhíol isteach san Aontas. Má théann na bearta in éag, is dócha go ndíolfaidh MHTL méideanna níos mó fós ar phraghsanna dumpáilte isteach san Aontas, toisc go bhfuil an acmhainneacht bhreise ag MHTL chun é sin a dhéanamh.

4.3. **Stáit Aontaithe Mheiriceá**

(102) Sa bhreis ar an toradh lena bhfuarthas gur ann don dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún anailís, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, lena mheas an dócha go leanfar den dumpáil má théann na bearta in éag. I ndáil leis sin, rinne an Coimisiún anailís ar an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sna Stáit Aontaithe agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

4.3.1. *an acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sna Stáit Aontaithe*

(103) Sa tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe araon, ba é CFI an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch ó na Stáit Aontaithe. Tugadh le fios san iarraidh gurbh ann do tháirgeoirí UNA eile sna Stáit Aontaithe. Níor chomhoibrigh na táirgeoirí sin leis an athbhreithniú éaga atá ar siúl faoi láthair ná leis an imscrúdú bunaidh. Meastar nach dócha go mbeidh a n-acmhainneacht táirgeachta ar fáil le haghaidh onnmhairí chuig an Aontas. Agus é ag cloí le cur chuige coimeádach, níor chuir an Coimisiún san áireamh dá bhrí sin ach acmhainneacht bhreise CFI mar acmhainneacht a bheadh ar fáil lena honnmhairiú chuig an Aontas. Bhí níos mó ná 200 000 tona in aghaidh na bliana san acmhainneacht bhreise sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí acmhainneacht iomlán CFI i raon [6 000 000 go 6 500 000] tona in aghaidh na bliana le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.3.2. *A tharraingtí atá margadh an Aontais*

(104) Níor baineadh de tharraingteacht mhargadh an Aontais do tháirgeoirí onnmhairiúcháin UNA sna Stáit Aontaithe le linn na tréimhse faoi bhreathnú, fiú agus bearta frithdhumpála ann. Cé is moite den bhliain 2021, bhí níos mó ná 550 000 tona in aghaidh na bliana sna méideanna bliantúla a onnmhairíodh ó na Stáit Aontaithe chuig an Aontas, méid suntasach agus thart ar 150 000 tona níos lú ná le linn thréimhse an imscrúdaithe bunaidh. Meabhraítear freisin gur ar phraghsanna dumpáilte a rinneadh na díolacháin sin isteach san Aontas, fiú agus bearta frithdhumpála i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is dócha, má théann na bearta in éag, go leanfar leis an méadú ar allmhairí dumpáilte.

4.3.3. *Conclúid*

(105) Níor chuir na bearta frithdhumpála is infheidhme cosc ar CFI leanúint de mhéideanna suntasacha UNA a dhíol isteach san Aontas. Má théann na bearta in éag, is dócha go ndíolfaidh CFI ar a laghad thart ar an méid céanna isteach san Aontas is a dhíol sé le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ar phraghsanna dumpáilte, nó fiú go gcuirfidh sé leis na méideanna a dhíoltar isteach san Aontas toisc go bhfuil an acmhainneacht bhreise ag CFI chun é sin a dhéanamh (féach aithris (103)). Cé gur féidir UNA a dhíol ar phraghsanna níos airde sa mhargadh intíre i gcomparáid le margadh an Aontais, níl aon chosúlacht ann go bhforbróidh margadh UNA na Stát Aontaithe a thuilleadh, agus ar an ábhar sin ní dócha go ndéanfar aon acmhainneacht bhreise a ionsú. Ina theannta sin, tá fonn ar CFI an úsáid is fearr a bhaint as a acmhainneacht táirgeachta agus aon aschur ó acmhainneachtaí breise díomhaoine a dhíol le margaí onnmhairiúcháin, lena n-áirítear margadh an Aontais.

(106) Tar éis an nochta, mhaígh CFI nach ndearna an Coimisiún an measúnú réamhbhreathnaitheach a cheanglaítear le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán. Dúirt CFI freisin go raibh imthosca urghnácha neamhionadaíocha ina saintréithe de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, lena n-áirítear ganntanais soláthair a tharraing onnmhaireoirí imeallacha isteach san Aontas. Ina theannta sin, mhaígh CFI nach ndearna an Coimisiún measúnú féachaint an raibh aon dreasacht ag CFI díol ar na praghsanna céanna amach anseo agus an mbeadh tionchar ag praghsanna gáis, a bhfuil coinne leis go dtitfidh CFI tar éis 2024, ar chaidrimh praghsanna, dá ndéanfadh téarnamh tháirgeoirí an Aontais difear don éileamh amach anseo ar UNA a tháirgtear sna Stáit Aontaithe, agus dá gcuirfeadh treochtaí éilimh intíre na Stát Aontaithe teorainn le hinfhaighteacht onnmhairiúcháin. Ar deireadh, d'agair CFI gur ganntanais shealadacha de chuid an Aontais, seachas dreasachtaí struchtúracha chun dumpáil, ba chúis le honnmhairí na Stát Aontaithe.

(107) Maidir leis an líomhain ghinearálta nach ndearnadh measúnú réamhbhreathnaitheach, tharraing an Coimisiún aird CIF ar an measúnú a rinneadh faoi aithrisí (102) go (105).

(108) Maidir le haon ghné neamhionadaíoch de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, chuir an Coimisiún in iúl nach féidir a mheas ar bhealach ar bith go bhfuil méideanna allmhairí ó na Stáit Aontaithe, a raibh sciar de níos mó ná 20 % de mhargadh iomlán an Aontais acu (féach Tábla 2 thíos), imeallach. Thuig an Coimisiún nach 'onnmhaireoirí imeallacha' a bhí i gceist le CFI ach 'onnmhairí imeallacha'.

(109) Murab ionann agus maíomh CFI, rinne an Coimisiún measúnú ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh dreasacht shoiléir ag CFI leanúint de UNA a dhíol ar phraghsanna dumpáilte isteach san Aontas (féach aithris (105)). Thairis sin, shuigh an Coimisiún, ní hamháin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ach sna blianta 2022 agus 2023 freisin, gur sháraigh ollphraghsanna intíre CFI na hollphraghsanna onnmhairiúcháin arna sonrasc ag CFI chuig an Aontas, ar léiriú soiléir é ar chleachtais dumpála chomhsheasmhacha sa tréimhse iomlán faoi bhreathnú. Fuarthas amach go raibh seasamh láidir ag CFI i margadh intíre na Stát Aontaithe a raibh 95 % ar a laghad dá aschur á dhíol aige leis le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Níl aon chúis shoiléir ann go n-ísleodh CFI a bpraghsanna intíre (go leibhéal na bpraghsanna onnmhairiúcháin) agus, dá bhrí sin, go dtabharfadh sé a bpríomhfhoinse bhrabúis uathu. Dá réir sin, ní dócha go ndíolfaidh CFI UNA isteach i margadh an Aontais ar phraghsanna ar ardleibhéal mhargadh intíre na Stát Aontaithe, i bhfianaise struchtúr níos iomaíche mhargadh an Aontais.

(110) Shoiléirigh an Coimisiún a thuilleadh nach raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar aon éifeacht a bheadh ag praghsanna gáis ar an gcaidreamh a bheidh ann amach anseo maidir le praghsanna. Mar a cuireadh in iúl faoi aithrisí (102) agus (118), níor measadh go raibh gá le hanailís a dhéanamh ar chaidrimh praghsanna faoi láthair sa mheasúnú ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil. Ar na cúiseanna céanna, níor measadh gur ghá anailís a dhéanamh ar cé acu a dhéanfadh nó nach ndéanfadh téarnamh tháirgeoirí an Aontais difear don éileamh amach anseo ar UNA a tháirgtear sna Stáit Aontaithe. D'ainneoin sin, is féidir coinne a bheith leis, fad a dhéanfar UNA de thionscnamh na Stát Aontaithe a thairiscint ar phraghsanna lena ndéantar sladghearradh ar phraghsanna tháirgeoirí an Aontais, go leanfar den éileamh ar UNA a tháirgtear sna Stáit Aontaithe.

(111) Maidir le cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh treochtaí éilimh intíre na Stát Aontaithe teorainn a chur le hinfhaighteacht onnmhairiúcháin, mheabhraigh an Coimisiún gur chinn sé nár dhócha go bhfásfadh margadh intíre na Stát Aontaithe a thuilleadh (105). In aon chás, níor chuir CFI aon anailís isteach a léiríonn a mhalairt, i.e. a léireodh gur dócha go dtiocfaidh fás ar mhargadh intíre na Stát Aontaithe amach anseo.

(112) Maidir le maíomh CFI nach raibh aon dreasachtaí struchtúracha ann chun dumpáil a dhéanamh, déantar tagairt d'aithris (109) thuas, inar leag an Coimisiún amach go bhfuil seasamh láidir ag CFI ar mhargadh intíre na Stát Aontaithe, rud a chuireann ar a chumas brabúis nach beag a bhaint amach, agus go bhfuil margadh onnmhairiúcháin i bhfad níos iomaíche san Aontas chomh maith, agus ó tharla sin amhlaidh gur cruthaíodh staid dumpála struchtúraí, ar dócha go leanfaidh sé ar aghaidh.

(113) Ina theannta sin, d'áitigh CFI nach ndearna an Coimisiún anailís ar cé acu a bhí nó nach raibh gá le hacmhainneacht bhreise CFI de 200 000 tona ar a laghad in aghaidh na bliana chun freastal ar a chustaiméirí intíre agus tríú tír, ná nár scrúdaigh sé na deischostais a bhaineann le méideanna a atreorú chuig an Aontas. Thug sé dá aire freisin, ar thaobh amháin, gur thángthas ar an gconclúid go raibh margadh an Aontais fós tarraingteach toisc gur sháraigh méideanna onnmhairiúcháin CFI 550 000 tona ar a laghad le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus, ar an taobh eile, go léireofaí réasúnaíocht chiorclach leis an gconclúid gur dócha go leanfar den dumpáil in éagmais na mbeart.

(114) Níor chomhaontaigh an Coimisiún le maíomh CFI. D'ainneoin an mheasúnaithe faoi aithris (103), shuigh an Coimisiún, fiú mura n-onnmhaireofar aon chuid den acmhainneacht bhreise a ndearnadh measúnú uirthi nó mura n-onnmhaireofar ach codán beag di chuig an Aontas amach anseo, gur dócha go n-onnmhaireofar ar a laghad méid bliantúil is mó ná 550 000 tona UNA, ([17]) arb é an méid is ísle é a d'onnmhairigh CFI in aon tréimhse 12 mhí a thagann faoin tréimhse faoi bhreathnú, chuig an Aontas amach anseo freisin. Is mór an méid onnmhairí sin (sciar 20 % den mhargadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, féach Tábla 2 thíos), i gcomparáid le tomhaltas an Aontais. Thairis sin, deimhníodh san imscrúdú go ndearnadh na hallmhairí sin isteach san Aontas ar phraghsanna dumpáilte. Ós rud é gur leanadh de chleachtais dumpála fad a bhí na bearta frithdhumpála i bhfeidhm, is dócha go leanfar de na cleachtais dumpála sin i gcás ina rachaidh na bearta in éag. Ní réasúnaíocht chiorclach í réasúnaíocht den sórt sin, ach tá sé ag baint tátal as iarmhairt nó dóchúlacht bunaithe ar imeachtaí reatha.

(115) Mhaígh CFI freisin gur fhreagairt é an borradh ar onnmhairí na Stát Aontaithe in 2022 agus 2023 ar mheascán eisceachtúil de phraghsanna arda an Aontais, táirgeacht theoranta an Aontais, agus infhaighteacht laghdaithe soláthróirí eile. Nuair a thosaigh táirgeoirí an Aontais ag táirgeadh arís agus a d'fhill praghsanna an Aontais ar na gnáthleibhéil, bhí laghdú ag teacht ar onnmhairí na Stát Aontaithe cheana féin. Mhaígh sé gur féidir é sin a dheimhniú le sonraí Eurostat i dTábla 2 thíos, rud a léiríonn laghdú ar mhéideanna allmhairí ó na Stáit Aontaithe isteach san Aontas ó 853 263 thona in 2022 go 536 569 dtona le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(116) Níor chomhaontaigh an Coimisiún le maíomh CFI. Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún gurbh ionann méid na n-allmhairí a breathnaíodh i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus os cionn 20 % den sciar den mhargadh a bhí ag tomhaltas an Aontais (féach Tábla 2). Thairis sin, fuarthas amach gur dumpáladh na hallmhairí sin, mar a léiríodh san imscrúdú. Mheabhraigh an Coimisiún freisin, fiú i gcomhthéacs nach raibh aon toisc sheachtrach eisceachtúil ann (amhail praghsanna gáis a bhí ag méadú go tapa agus suaitheadh soláthair ina dhiaidh sin, a mheas CFI a bheith freagrach go príomha as méideanna méadaithe onnmhairí ó na Stáit Aontaithe), gur shroich onnmhairí UNA ó na Stáit Aontaithe chuig an Aontas níos mó ná 540 000 tona in aghaidh na bliana in 2016, 2017 agus tréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh, lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Iúil 2017 go dtí an 30 Meitheamh 2018 (féach Tábla 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/576 ón gCoimisiún ([18])). Léiríonn sé sin gur shroich méideanna onnmhairí UNA chuig an Aontas leibhéil shuntasacha i ngach tréimhse a ndearna an Coimisiún imscrúdú orthu ó bhí 2016 ann.

([17]) Léirigh na sonraí fíoraithe a chuir CFI isteach onnmhairí chuig an Aontas de bhreis agus 550 000 tona le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tá sé sin níos mó ná méid na n-allmhairí a thuairiscigh Eurostat (féach Tábla 2).

([18]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/576 ón gCoimisiún an 10 Aibreán 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí meascán d'úiré agus níotráit amóiniam de thionscnamh na Rúise, Oileán na Tríonóide agus Tobága agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, (IO L 100, 11.4.2019, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/576/oj).

(117) Ar deireadh, thug CFI dá aire, de réir mhír 96 den doiciméad maidir leis an nochtadh, go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar 'an gaol idir praghsanna san Aontas agus sna Stáit Aontaithe' agus ar 'an gaol idir praghsanna onnmhairiúcháin chuig an Aontas agus chuig tríú tíortha agus praghsanna sna Stáit Aontaithe'. Ní raibh aon anailís den sórt sin sa doiciméad maidir leis an nochtadh, áfach.

(118) Shoiléirigh an Coimisiún nach raibh gá leis an anailís ar na caidrimh phraghais a tugadh faoi deara chun teacht ar an gconclúid gur dócha go leanfar den dumpáil in éagmais na mbeart. Ba leor an anailís ar an acmhainneacht táirgeachta agus ar an acmhainneacht bhreise sna Stáit Aontaithe agus tarraingteacht mhargadh an Aontais chun teacht ar an gconclúid sin (féach aithrisí (102) go (105)).

(119) Maidir leis na breithnithe thuas, dheimhnigh an Coimisiún an chonclúid gur dócha go leanfar den dumpáil má ligtear do na bearta dul in éag.

5. DÍOBHÁIL

5.1. Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(120) Rinne tuairim is 20 táirgeoir/grúpa táirgeoirí san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(121) Suíodh gur 2 299 135 tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Shuigh an Coimisiún an figiúr sin ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, is é sin sonraí a bhailigh Fertilizers Europe agus faisnéis mhargaidh a bhí ar fáil don iarratasóir. Mar a léirítear in aithris (32), roghnaíodh trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla. Bunaithe ar shonraí fíoraithe, b'ionann iad agus beagnach 70 % de tháirgeacht iomlán an táirge chomhchosúil san Aontas.

5.2. Tomhaltas an Aontais

(122) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn mhéid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais móide allmhairí ó na tríú tíortha go léir arna dtaifeadadh in Eurostat.

(123) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 1

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán an Aontais	3 380 170	3 420 870	2 922 614	2 608 677
Innéacs	*100*	*101*	*86*	*77*

Foinse: Fertilizers Europe agus Eurostat.

(124) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 23 % ar thomhaltas an Aontais. Is féidir roinnt cúiseanna a thabhairt mar mhíniú ar an laghdú sin ar thomhaltas an Aontais: laghdú sealadach ar tháirgeadh UNA san Aontas nuair a tháinig ardú tobann ar phraghsanna gáis agus fuinnimh in 2022; borradh an-mhór ar mhéideanna allmhairí sa bhliain chéanna; agus dea-chleachtais i leith úsáid cothaitheach san fheirmeoireacht a chuireann teorainn le húsáid leasachán mianrach ([19]).

([19]) https://agriculture.ec.europa.eu/cap-my-country/sustainability/environmental-sustainability/low-input-farming/nutrients_en.

5.3. **Allmhairí ó na tíortha lena mbaineann**

5.3.1. *Measúnú carnach ar éifeachtaí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann*

(125) Scrúdaigh an Coimisiún ar cheart measúnú carnach a dhéanamh ar allmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) den bhun-Rialachán.

(126) Sonraítear leis an bhforáil sin nach ndéanfar measúnú carnach ar na hallmhairí ó níos mó ná tír amháin ach amháin más rud é go gcinntear an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil an corrlach dumpála a suíodh i ndáil leis na hallmhairí ó gach tír níos mó ná *de minimis* mar a shainmhínítear in Airteagal 9(3) agus nach diomaibhseach méid na n-allmhairí ó gach tír; agus

(b) gurb iomchuí measúnú carnach a dhéanamh ar éifeachtaí na n-allmhairí i bhfianaise na ndálaí iomaíochta idir na táirgí allmhairithe agus táirge comhchosúil an Aontais.

(127) Ag an gcéim thionscnaimh, líomhain MHTL gur cheart measúnú ar leithligh a dhéanamh ar allmhairí ó Oileán na Tríonóide agus Tobága mar gheall ar imthosca athraithe i gcomparáid leis an imscrúdú tosaigh. Go sonrach, dar le MHTL, bheadh údar le measúnú ar leith ar allmhairí Oileán na Tríonóide agus Tobága i bhfianaise nach bhfuarthas aon dumpáil i leith Oileán na Tríonóide agus Tobága san iarraidh, go raibh onnmhaireoirí Oileán na Tríonóide agus Tobága ina gcomhpháirtithe iontaofa agus cobhsaí ó thaobh na polaitíochta de le haghaidh an Aontais agus difriúil leis na honnmhaireoirí ón Rúis agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus nach bhféadfadh allmhairí Oileán na Tríonóide agus Tobága (a raibh praghsanna níos airde orthu ná ar allmhairí de thionscnaimh eile agus ar lú go suntasach iad ó thaobh méide de ná allmhairí ón Rúis agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá le chéile) a bheith ina gcúis le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Dhiúltaigh an Coimisiún do mhaímh den sórt sin. Ní mór an cinneadh maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart measúnú carnach a dhéanamh ar allmhairí a bheith bunaithe ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán, critéir a comhlíonadh sa chás seo mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe in aithrisí (129) go (132) thíos. Ní fhéadfadh aon cheisteanna eile a d'ardaigh MHTL amhras a chaitheamh ar a oiriúnaí a bhí sé allmhairí ó Oileán na Tríonóide agus Tobága a scrúdú in éineacht le hallmhairí ó na Stáit Aontaithe agus ón Rúis ([20]).

(128) D'iarr an táirgeoir onnmhairiúcháin CFI go ndéanfaí allmhairí ón Rúis a mheasúnú ar leithligh ó na hallmhairí ó Oileán na Tríonóide agus Tobága agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá. Bhunaigh CFI a mhaíomh ar na cásanna *Hardboard* ([21]) agus *Wire Rod* ([22]) (a bhain le tíortha seachas an Rúis) agus thagair sé (i) do struchtúir chostais uathúla tháirgeoirí na Rúise a eascraíonn as praghsanna gáis a rialáiltear ar bhonn intíre; (ii) tosca geopholaitiúla (eadhon cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus smachtbhannaí an Iarthair ar an Rúis dá bharr); (iii) iompraíocht phraghsála ar leith toisc go raibh an Rúis ag atreorú a soláthairtí gáis nádúrtha isteach i dtáirgí nítrigine iartheachtacha; agus (iv) an iarraidh ina léirítear sladghearradh suntasach i gcás na Rúise amháin. Thug an Coimisiún dá aire go raibh an staid sna cásanna a luaigh CFI éagsúil leis an staid san imscrúdú atá ar siúl faoi láthair, dá bhrí sin nárbh fhéidir na hargóintí sin a thrasuí san imscrúdú seo. Mar shampla, in *Hardboard*, i gcás ina ndearnadh measúnú ar leithligh ar allmhairí ón mBrasaíl, bhain allmhairí na Brasaíle le cineál táirge a raibh úsáid ar leith aige. Measann an Coimisiún gur cinnte nach amhlaidh atá i gcás UNA allmhairithe san athbhreithniú atá ar siúl faoi láthair. In *Wire Rod*, níor carnadh allmhairí ón Tuirc go háirithe toisc go raibh praghsanna an-ard orthu agus nár measadh go raibh na dálaí iomaíochta idir oibreoirí Turcacha agus oibreoirí eile cosúil lena chéile, cé go ndearnadh measúnú ar leithligh ar allmhairí ó Phoblacht na Moldóive ós rud é nár ghearr siad faoi phraghsanna thionscal an Aontais agus go raibh an corrlach díobhála faoi bhun na tairsí díobhála *de minimis*. San imscrúdú atá ar siúl faoi láthair, níl praghsanna thar a bheith ard ag aon tír lena mbaineann agus tá sladghearradh suntasach á dhéanamh i bhfianaise a phraghas-íogaire atá tráchtearra amhail UNA. Tar éis an nochta, líomhain CFI nach ndearna an Coimisiún anailís shubstainteach i gcomhréir le hAirteagal 3(4)(b) den bhun-Rialachán (i.e. anailís shubstainteach ar na coinníollacha iomaíochais idir táirgí ó na háiteanna tionscnaimh éagsúla) agus go raibh cineál agus foinse aon dumpála ó na Stáit Aontaithe, ón Rúis nó ó Oileán na Tríonóide agus Tobága éagsúil, is é sin toisc go n-eascródh dumpáil na Rúise as saobhadh struchtúrach ar chostais arb é an stát is bun leis. D'easaontaigh an Coimisiún agus thug sé dá aire go ndéantar measúnú mionsonraithe ar na coinníollacha iomaíochta idir táirgí allmhairithe agus táirge comhchosúil an Aontais in aithris (131) thíos agus nach mbaineann cineál na dumpála, i gcomhthéacs anailís den sórt sin, le hábhar.

([20]) Féach freisin Tuarascáil an Phainéil, AE – *Footwear* (WT/DS405/R), mír 7.403.

([21]) Rialachán (CE) Uimh. 194/1999 ón gComhairle an 25 Eanáir 1999 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí cruachláir de thionscnamh na Bulgáire, na hEastóine, na Laitvia, na Liotuáine, na Polainne agus na Rúise agus lena mbailítear go cinntitheach na dleachtanna sealadacha arna bhforchur (IO L 22, 29.1.1999, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1999/194/oj), aithrisí 39-41.

([22]) Rialachán (CE) Uimh. 703/2009 ón gComhairle an 27 Iúil 2009 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí slat sreinge de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht frithdhumpála arna forchur ar na hallmhairí sin, agus lena bhfoirceanntar na himeachtaí i ndáil le hallmhairí slat sreinge de thionscnamh Phoblacht na Moldóive agus na Tuirce (IO L 203, 5.8.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/703/oj), aithrisí 58-64.

(129) Bhí na corrlaigh dumpála a suíodh i ndáil leis na hallmhairí ó gach ceann de na trí thír lena mbaineann i bhfad os cionn na tairsí *de minimis* a leagtar síos in Airteagal 9(3) den bhun-Rialachán.

(130) Níor dhiomaibhseach an méid allmhairí ó gach ceann de na tíortha lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 5(7) den bhun-Rialachán. Ba é a bhí sna sciartha den mhargadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe 12,4 % i gcás allmhairí ón Rúis, 9,8 % i gcás allmhairí ó Oileán na Tríonóide agus Tobága agus 20,6 % i gcás allmhairí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá. Cé gur tháinig laghdú ar mhéideanna allmhairí ó Oileán na Tríonóide agus Tobága le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tá sciar suntasach den mhargadh san Aontas (9,8 %) ag na hallmhairí sin fós.

(131) Bhí na coinníollacha iomaíochta idir, ar thaobh amháin, na hallmhairí dumpáilte ón Rúis, ó Oileán na Tríonóide agus Tobága agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus, ar an taobh eile, idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus táirge comhchosúil thionscal an Aontais, cosúil le chéile. Go sonrach, bhí na táirgí allmhairithe in iomaíocht lena chéile, agus leis an táirge comhchosúil a tháirgtear san Aontas. Is amhlaidh atá toisc gur trí na bealaí díolacháin céanna agus le catagóirí custaiméirí comhchosúla a dhíoltar na táirgí allmhairithe agus intíre. Is minic a mheasctar UNA ó thionscnaimh éagsúla in umair stórála. Is tráchtearra aonchineálach inmhalartaithe é an táirge faoi athbhreithniú agus is ar phraghas amháin a bunaíodh an iomaíocht den chuid is mó. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, shroich praghsanna díola na dtáirgeoirí intíre agus na dtíortha lena mbaineann araon (comhdhlúite agus ina n-aonar) leis an Aontas buaicphointe in 2022 agus tháinig laghdú suntasach orthu ina dhiaidh sin. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, cé go raibh na praghsanna allmhairiúcháin ó Oileán na Tríonóide agus Tobága ar aon dul go bunúsach leis an bpraghas in 2021, tháinig laghdú 39 % ar phraghsanna allmhairiúcháin na Rúise. Thit praghsanna na Stát Aontaithe freisin ach bhí laghdú níos lú i gceist. Thit praghsanna allmhairí ó aon cheann de na tíortha lena mbaineann go leibhéil a bhí faoi bhun phraghsanna díola thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(132) I bhfianaise an mhéid thuas, mheas an Coimisiún gur comhlíonadh na critéir a leagtar amach in Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán agus gur scrúdaíodh allmhairí ón Rúis, ó Oileán na Tríonóide agus Tobága agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá go carnach le haghaidh chinneadh na díobhála.

5.3.2. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann*

(133) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh sciar de mhargadh na n-allmhairí tríd an méid allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas an Aontais.

(134) Allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann:

Tábla 2

An méid allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An méid allmhairí ó na tíortha lena mbaineann (tonaí)	533 210	1 954 098	1 326 333	1 116 079
Innéacs	*100*	*366*	*249*	*209*
Sciar den mhargadh	15,8 %	57,1 %	45,4 %	42,8 %
Innéacs	*100*	*362*	*288*	*271*
An méid allmhairí ó Chónaidhm na Rúise (tonaí)	144 663	427 636	300 523	323 539
Innéacs	*100*	*296*	*208*	*224*
Sciar den mhargadh	4,3 %	12,5 %	10,3 %	12,4 %
Innéacs	*100*	*292*	*240*	*290*
An méid allmhairí ó Oileán na Tríonóide agus Tobága (tonaí)	388 547	673 200	261 201	255 972
Innéacs	*100*	*173*	*67*	*66*

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Sciar den mhargadh	11,5 %	19,7 %	8,9 %	9,8 %
Innéacs	*100*	*171*	*78*	*85*
An méid allmhairí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá (tonaí)	0	853 263	764 610	536 569
Innéacs (*)(2022 an bonn)	-	*100-*	*90-*	*63*
Sciar den mhargadh	-	24,9 %	26,2 %	20,6 %
Innéacs (2022 an bonn)	-	*100*	*105*	*82*

Foinse: Eurostat (an méid allmhairí), cros-seiceáilte in aghaidh freagraí ceistneora le haghaidh na Stát Aontaithe.
(*) Ní féidir innéacs fóinteach a bheith ann toisc nárbh ann d'allmhairí in 2021.

(135) Tháinig méadú 109 % ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí an méadú ar an sciar den mhargadh níos suntasaí fós ós rud é gur tháinig méadú 171 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí lena mbaineann, ó 15,8 % in 2021 go 42,8 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ós rud é gur tháinig laghdú 23 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse céanna, is léir go raibh an méadú géar ar an sciar den mhargadh a bhí ag na tíortha lena mbaineann chun dochair do rannpháirtithe eile sa mhargadh, eadhon tionscal an Aontais.

5.3.3. *Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(136) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat.

(137) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann:

Tábla 3

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Cónaidhm na Rúise	277	497	179	169
Innéacs	*100*	*179*	*65*	*61*
Oileán na Tríonóide agus Tobága	244	609	383	241
Innéacs	*100*	*249*	*157*	*99*
Stáit Aontaithe Mheiriceá	-	559	320	210
Innéacs (*)	-	-	-	-
Na tíortha lena mbaineann	253	563	300	205
Innéacs	*100*	*222*	*119*	*81*

Foinse: Eurostat, cros-seiceáilte in aghaidh freagraí ceistneora le haghaidh na Stát Aontaithe.
(*) Ní féidir innéacs fóinteach a bheith ann toisc nárbh ann d'allmhairí in 2021

(138) Tháinig laghdú 19 % ar phraghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú ar phraghsanna allmhairiúcháin in 2022 mar gheall ar na dálaí margaidh a bhí i réim, go háirithe praghsanna domhanda níos airde ar ghás, rud a chuir ualach níos troime ar an Aontas. Mar sin féin, faoi thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí siad tar éis laghdú go dtí leibhéal faoi bhun leibhéal 2021 i gcás allmhairí de thionscnamh gach ceann de na trí thír lena mbaineann. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, cé go raibh na praghsanna allmhairiúcháin ó Oileán na Tríonóide agus Tobága beagnach ar aon dul leis na praghsanna allmhairiúcháin in 2021, tháinig laghdú 39 % ar phraghsanna allmhairiúcháin na Rúise. Thit leibhéil phraghsanna SAM freisin ach níor thit siad oiread is a thit allmhairí na Rúise.

(139) Chinn an Coimisiún go raibh sladghearradh praghais ann le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(1) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

(2) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh chineál táirge na n-allmhairí ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha SAM agus Oileán na Tríonóide agus Tobága chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), lena n-áirítear an dleacht frithdhumpála, mar aon le coigeartuithe iomchuí le haghaidh dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin. I gcás allmhairí ón Rúis, in éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin, cinneadh na praghsanna ar bhonn staidrimh allmhairiúcháin Eurostat.

(140) Amhail an imscrúdú bunaidh, rinneadh praghas díola tháirgeoirí an Aontais a choigeartú go leibhéal díreach ón monarcha ach amháin i gcás na ndíolachán sin de chuid thionscal an Aontais a thabhaigh muirlasta le haghaidh seachadadh chuig calafoirt amhail Rouen (sa Fhrainc) agus Gent (sa Bheilg). Fuarthas gurbh iomchuí na praghsanna le haghaidh seachadadh chuig an gcalafort sin a úsáid in ionad praghsanna díreach ón monarcha a ríomh le haghaidh díolachán arb ionann iad agus thart ar 5 % de dhíolacháin thionscal an Aontais.

(141) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Léirigh sé meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 3,5 % agus 18 % a measadh a bheith suntasach i bhfianaise a phraghas-íogaire atá an tráchtearra UNA.

(142) Ina theannta sin, chuir na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann bac nach beag ar phraghsanna. Go deimhin, bhí na leibhéil praghsanna faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a d'fhág nach raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú go leibhéil bhrabúsacha.

(143) Tar éis an nochta, d'iarr MHTL ar an gCoimisiún corrlach díobhála a shuí lena dtugtar neamhaird ar aon chostas réamh-mheasta amach anseo de chuid thionscal an Aontais a eascraíonn as comhlíonadh Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA). Dheimhnigh an Coimisiún nach gcuirtear costais den sórt sin san áireamh agus corrlach sladghearrtha á ríomh agus nach ndearnadh aon ríomh gearrdhíola san imscrúdú seo.

5.4. **Allmhairí ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann**

(144) Taobh amuigh den Rúis, Oileán na Tríonóide agus Tobága agus Stáit Aontaithe Mheiriceá is ón mBealarúis, ón Úcráin, ón tSeirbia agus ón Éigipt a tháinig an chuid is mó de na hallmhairí UNA ó thríú tíortha.

(145) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mhéid (comhiomlánaithe) na n-allmhairí isteach san Aontas, chomh maith leis an sciar den mhargadh agus treochtaí praghsanna i gcás allmhairí UNA ó thríú tíortha eile:

Tábla 4

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
an Bhealarúis	Méid (tonaí)	158 783	27 666	19 297	38 512
	Innéacs	*100*	*17*	*12*	*24*
	Sciar den mhargadh	4,7 %	0,8 %	0,7 %	1,5 %
	Innéacs	*100*	*17*	*14*	*31*
	Meánphraghas (EUR/tona)	203	380	217	174
	Innéacs	*100*	*187*	*107*	*86*

Tír		2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
an Úcráin	Méid (tonaí)	92 143	34 187	16 653	11 062
	Innéacs	*100*	*37*	*18*	*12*
	Sciar den mhargadh	2,7 %	1,0 %	0,6 %	0,4 %
	Innéacs	*100*	*37*	*21*	*16*
	Meánphraghas (EUR/tona)	278	618	350	280
	Innéacs	*100*	*222*	*126*	*101*
an tSeirbia	Méid (tonaí)	7 942	42 896	10 217	0
	Innéacs	*100*	*540*	*129*	*0*
	Sciar den mhargadh	0,2 %	1,3 %	0,3 %	0,0 %
	Innéacs	*100*	*534*	*149*	*0*
	Meánphraghas (EUR/tona)	305	646	732	Ní bhaineann le hábhar
	Innéacs	*100*	*212*	*240*	*Ní bhaineann le hábhar*
Tríú tíortha eile	Méid (tonaí)	423	8 226	4 188	9 843
	Innéacs	*100*	*1 945*	*990*	*2 327*
	Sciar den mhargadh	< 0,1 %	0,2 %	0,1 %	0,4 %
	Innéacs	*100*	*1 922*	*1 145*	*3 015*
	Meánphraghas (EUR/tona)	498	611	488	338
	Innéacs	*100*	*123*	*98*	*68*

Foinse: Eurostat.

(146) Tháinig laghdú 77 % ar allmhairí ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is féidir laghduithe ar allmhairí ón mBealarúis agus ón Úcráin a chur síos do na forbairtí geopholaitiúla (e.g. an cogadh foghach in aghaidh na hÚcráine agus smachtbhannaí an Aontais a forchuireadh ar an mBealarúis). Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ní raibh sa sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann ach 2,3 %, a bhí níos lú dá réir sin ná an 4,1 % a fuarthas le linn thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh.

5.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

5.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(147) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha go léir a raibh tionchar acu ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(148) Mar a luadh in aithris (32), bhí sampláil in úsáid chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(149) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sa fhreagra a thug an t-iarratasóir ar an gceistneoir maicreacnamaíoch. Na sonraí a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí sampláilte san Aontas. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(150) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(151) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

(152) Tar éis an nochta, d'áitigh MHTL go raibh an measúnú díobhála saofa, i bhfianaise chineál míthreorach an túsphointe (2021). D'iarr an páirtí go gcáileofaí paindéim COVID-19 agus na himthosca ina dhiaidh sin, agus go n-aithneofaí gurbh í bliain eisceachtúil 2021 túsphointe na laghduithe a sainaithníodh sa mheasúnú díobhála. Níor aontaigh an Coimisiún le MHTL go raibh an measúnú díobhála saofa. San Aontas, measadh go raibh an slabhra agraibhia, lena n-áirítear earnáil na leasachán, fíor-riachtanach le linn am phaindéim COVID-19 agus leanadh de sholáthar agus dáileadh UNA. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh tionchar ar leith ag an bpaindéim ([23]) ar thionscal na leasachán agus, dá réir sin, níor léirigh túsphointe na tréimhse faoi bhreathnú le haghaidh an mheasúnaithe ar dhíobháil pictiúr saofa maidir le díobháil.

5.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

5.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(153) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid táirgeachta (tonaí)	3 649 010	2 107 001	2 142 146	2 299 135
Innéacs	*100*	*58*	*59*	*63*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	8 829 000	8 279 000	8 279 000	8 279 000
Innéacs	*100*	*94*	*94*	*94*
Úsáid acmhainneachta	41 %	25 %	26 %	28 %
Innéacs	*100*	*62*	*63*	*67*

Foinse: freagra fíoraithe ar cheistneoir ó Fertilizers Europe.

(154) San Aontas, is ag láithreáin chomhtháite ceimiceán ina monaraítear roinnt táirgí a tháirgtear UNA de ghnáth. Sa chomhthéacs sin, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 37 % ar tháirgeacht UNA, ó 3 649 010 tona go 2 299 135 tona, méid atá thart ar 1,4 milliún tona níos lú ná le linn thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh. Mar thoradh ar an ngéarchéim gáis agus fuinnimh eisceachtúil le linn na tréimhse faoi bhreathnú bhí bristeacha sealadacha sa táirgeadh ag táirgeoirí de chuid an Aontais.

(155) Tháinig laghdú ar an acmhainneacht táirgeachta idir 2021 agus 2022 agus d'fhan sí cobhsaí ansin go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

([23]) Ní raibh tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar thionscal na leasachán, i bhfianaise an phíosa taighde atá ar fáil ag https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S0301420721000362 (Tionchar phaindéim COVID-19 ar chuideachtaí leasacháin: Ról na mbuntáistí iomaíocha, Beartas Acmhainní, Imleabhar 71, 2021, 102019, ISSN 0301-4207).

(156) I bhfianaise na n-acmhainneachtaí measartha cobhsaí agus laghdú ar an táirgeacht, laghdaigh an úsáid acmhainneachta ó 41 % in 2021 go 28 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, atá i bhfad faoi bhun na húsáide acmhainneachta le linn thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh (50 %) agus is cinnte go bhfuil sí neamh-inbhuanaithe sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

5.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(157) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An méid díolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	2 587 669	1 353 756	1 545 874	1 433 181
Innéacs	*100*	*52*	*60*	*55*
Sciar den mhargadh	76,6 %	39,6 %	52,9 %	54,9 %
Innéacs	*100*	*52*	*69*	*72*

Foinse: freagra fíoraithe ar cheistneoir ó Fertilizers Europe.

(158) Tháinig laghdú 45 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tagann sé sin salach ar an méadú ar leibhéil na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann i gcomhthéacs titim ar thomhaltas an Aontais.

(159) Laghdaigh an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais 28 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an fhorbairt sin mar thoradh ar dhrochdhálaí margaidh, go háirithe praghsanna ísle UNA allmhairithe. Cailleadh an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais mar gheall ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, ar tháinig méadú faoi thrí go bunúsach ar a sciar siúd den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.2.3. Fás

(160) Léiríonn na figiúirí thuas maidir le táirgeacht, úsáid íseal acmhainneachta, méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh nach raibh tionscal an Aontais in ann fás le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé gur tháinig méadú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí sciar den mhargadh.

5.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(161) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An líon fostaithe	2 272	2 018	2 141	1 845
Innéacs	*100*	*89*	*94*	*81*
Táirgiúlacht (tona/fostaí)	1 606	1 044	1 000	1 246
Innéacs	*100*	*65*	*62*	*78*

Foinse: freagra fíoraithe ar cheistneoir ó Fertilizers Europe.

(162) I bhfianaise imthosca an mhargaidh a bheith ag dul in olcas, tháinig laghdú 19 % ar líon na bhfostaithe i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, i bhfianaise dhúnadh sealadach gléasraí agus de réir mar a tháinig laghdú níos mó fós ar an táirgeacht, bhí laghdú 22 % fós ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Nuair ab fhéidir, d'fhéach tionscal an Aontais le poist UNA a aistriú chuig codanna eile dá láithreán ceimiceán de rogha ar fhostaithe luachmhara a dhífhostú.

5.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(163) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil de minimis. I bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, chuaigh méid na gcorrlach dumpála iarbhír i bhfeidhm go mór ar thionscal an Aontais.

(164) D'fhág praghsáil éagórach leanúnach ag onnmhaireoirí ó na tíortha lena mbaineann go raibh sé dodhéanta do thionscal an Aontais téarnamh ó na cleachtais dumpála a breathnaíodh le linn an imscrúdaithe bunaidh.

5.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

5.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(165) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid díreach ón monarcha san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/tona)	242	636	307	264
Innéacs	*100*	*263*	*127*	*109*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	241	571	332	276
Innéacs	*100*	*237*	*138*	*115*

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(166) Bhí tionchar ar phraghsanna díola ag na dinimicí i ndáil le soláthar-éileamh, lena n-áirítear táirgeadh arna chiorrú go sealadach ag roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais, rud a d'fhág gur mhéadaigh praghsanna díola an Aontais i gcomhthéacs laghdú ar an soláthar UNA ar mhargadh an Aontais. Tar éis bhuaicphointe na bpraghsanna le linn an dara ráithe de 2022, eadhon mar gheall ar thionchar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine ar phraghsanna gáis agus fuinnimh, thit praghsanna díola UNA faoi lár 2023 agus chobhsaigh siad ansin.

(167) Tháinig méadú 9 % ar phraghsanna díola le linn na tréimhse faoi bhreathnú ach bhí méadú 15 % ar chostas an táirgthe in aghaidh an aonaid le linn na tréimhse céanna. Bhí an costas táirgthe ag dul i méid de bharr luaineachtaí i bpraghas an gháis den chuid is mó, arb ionann iad agus an chuid is mó de chostais táirgthe UNA. Mar sin féin, ní raibh táirgeoirí an Aontais in ann costais táirgthe UNA in 2023 agus le linn tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a chumhdach lena leibhéil praghsanna díolacháin mar gheall ar iomaíocht éagórach allmhairí UNA ar phraghas íseal ó na tíortha lena mbaineann. Mar thoradh air sin, bhí díolacháin UNA arna ndéanamh ag táirgeoirí de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais neamhbhrabúsach.

5.5.3.2. Costais saothair

(168) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostais bhliantúla saothair in aghaidh an fhostaí (EUR/fostaí lánaimseartha)	31 139	35 622	32 901	33 197
Innéacs	*100*	*114*	*106*	*107*

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(169) Tháinig méadú 7 % ar mheánchostas saothair in aghaidh an fhostaí de chuid tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, eadhon ag éirí as na gealltanais innéacsaithe tuarastail a chomhlíonadh. Bhí costais saothair in aghaidh an fhostaí níos airde in 2022, nuair a bhí an bhrabúsacht ag a buaicphointe.

5.5.3.3. Fardail

(170) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Fardail

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Stoic dheiridh (tonaí)	87 010	112 808	119 370	82 706
Innéacs	*100*	*130*	*137*	*95*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	4,3 %	9,4 %	9,4 %	5,3 %
Innéacs	*100*	*219*	*219*	*123*

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(171) Tháinig laghdú 5 % ar an stoc deiridh le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus bhí méadú beag ar an stoc mar chéatadán den táirgeacht. Níor measadh gur táscaire fóinteach díobhála é san imscrúdú bunaidh ós rud é go raibh an stoc, mar chéatadán den táirgeacht, íseal le linn na tréimhse agus go mbíonn na stoic dheiridh faoi réir athruithe séasúracha. Mheas an Coimisiún gurb amhlaidh a bhí san imscrúdú atá ar siúl faoi láthair freisin. San imscrúdú atá ar siúl faoi láthair, bhí na leibhéil stoic a aimsíodh níos airde ná san imscrúdú bunaidh.

5.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(172) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	9,4 %	12,6 %	- 25,7 %	- 7,7 %
Innéacs	*100*	*134*	*- 273*	*- 82*
Sreabhadh airgid (EUR)	28 973 972	58 982 610	9 101 778	- 9 326 573
Innéacs	*100*	*204*	*31*	*- 32*
Infheistíochtaí (EUR)	6 402 797	4 911 678	2 801 373	4 311 506
Innéacs	*100*	*77*	*44*	*67*
Toradh ar infheistíochtaí	54 %	144 %	- 90 %	- 36 %
Innéacs	*100*	*267*	*- 167*	*- 67*

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(173) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Thit an bhrabúsacht ó 9,4 % in 2021 go - 7,7 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar gheall ar na forbairtí ar mheánphraghsanna díola agus ar mheánchostais táirgthe a dtugtar tuairisc orthu in aithrisí (166)-(167), úsáid acmhainneachta níos ísle agus táirgeacht níos ísle chun costais sheasta a ionsú. Ba bhliain neamhghnách í 2022 ina raibh praghsanna arda ar amhábhair agus fuinneamh ach praghsanna arda ar UNA freisin i gcomhthéacs soláthar suaite. Leis na sceidil táirgthe athraithe, costas táirgthe a bhí ag ardú agus praghsanna díola sochta mar gheall ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, tugadh ar thionscal an Aontais caillteanais a dhéanamh in 2023 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ní féidir an bonn a bhaint de na fíorais sin le corrlaigh fheabhsaithe san earnáil nítrigine dá dtagraíonn MHTL ina bharúlacha maidir leis an nochtadh bunaithe ar shonraí arna dtuairisciú ag faisnéis mhargaidh don Eoraip (lena n-áirítear an Iorua) le haghaidh cuid de 2025 ([24]), i.e. le sonraí le haghaidh earnáil níos leithne ná UNA, le haghaidh limistéar geografach níos leithne ná an tAontas agus ar feadh tréimhse tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(174) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Is forbairt dhiúltach a bhí ar an nglansreabhadh airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus lean sí treocht na brabúsachta go dlúth.

(175) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig forbairt dhiúltach air le linn na tréimhse faoi bhreathnú, léiriú ar na treochtaí ar tugadh tuairisc orthu roimhe seo maidir le brabúsacht agus sreabhadh airgid.

(176) Ní raibh ach infheistíochtaí teoranta ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, fiú más fíor-riachtanas í infheistíocht leanúnach i ngléasra ceimiceach comhtháite chun go mairfidh sé san fhadtéarma. Ba é ba chúis leis na laghduithe ar leibhéil infheistíochta nach raibh an cumas céanna ann caipiteal a chruinniú mar a léiríodh le staid an tsreafa airgid a bheith ag dul in olcas agus drochdhálaí an mhargaidh. Dhírigh na hinfheistíochtaí, ar lú iad ná le linn an imscrúdaithe bunaidh, ar thomhaltas fuinnimh a laghdú, cuíchóiriú agus gnóthachain éifeachtúlachta.

([24]) t25.011233.

5.6. **Conclúid maidir le díobháil**

(177) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí tionscal an Aontais thíos le praghsanna díola laghdaitheacha (-9 %), rud ba chúis, in éineacht le costais mhéadaithe (+ 15 %), le leibhéal brabúis 9,4 % in 2021 a iompú ina chaillteanais in 2023 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar thoradh ar na treochtaí sin, tháinig laghdú mór ar an sreabhadh airgid, ar an toradh ar infheistíocht agus ar na leibhéil infheistíochta. Braitheadh éifeachtaí diúltacha suntasacha freisin i dtáscairí méid amhail táirgeacht, ar tháinig laghdú 37 % air, méid na ndíolachán, ar tháinig laghdú 45 % air, agus an sciar den mhargadh, a chuaigh ó 76,6 % in 2021 go 54,9 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Chomh maith leis sin, laghdaigh na leibhéil úsáide acmhainneachta go leibhéil ar díol imní iad, a bhí ró-íseal chun costais ábhartha a aisghabháil. De bharr na bhforbairtí sin fágadh tionscal an Aontais i staid dhíobhálach. Ní raibh téarnamh ná forbairt dhearfach le léiriú ar aon cheann de na táscairí a scrúdaíodh.

(178) Tar éis an nochta, d'easaontaigh MHTL nár léirigh na táscairí díobhála a scrúdaíodh aon téarnamh ná forbairt dhearfach. Dhiúltaigh an Coimisiún do bharúlacha MHTL toisc go raibh siad bunaithe ar fhorbairtí roghnaithe maidir le blianta roghnaithe agus ar mhífhaisnéis ar fhíorais. Mar shampla, d'áitigh MHTL gur tháinig méadú ar mhéideanna táirgeachta thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe go dtí an leibhéal is airde ó thús na tréimhse faoi bhreathnú, rud a bhí go hiomlán mícheart (féach Tábla 5). Thagair an páirtí freisin do 'fheabhas suntasach ar rátaí úsáide acmhainneachta thionscal an Aontais' le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (méadú ó 25 % go 28 % ó bhí 2022 ann), rud nach gcuireann san áireamh bliain 2021 agus an chaoi a léirítear go soiléir i dtábla 5 laghdú ar úsáid acmhainneachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú (- 33 %). Mheas MTHL gur forbairt dhearfach é an laghdú níos ísle ar mhéideanna díolachán i ndearbhthéarmaí i dtábla 6 idir 2023 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (- 112 693) i gcomparáid leis an laghdú níos airde ar mhéideanna allmhairí ó na tíortha lena mbaineann sa tréimhse chéanna (- 210 254 thona, mar a léirítear i dtábla 2), rud a thugann mífhaisnéis gur mhéadaigh allmhairí ó na tíortha lena mbaineann a sciar den mhargadh beagnach faoi thrí le linn na tréimhse faoi bhreathnú ach gur tháinig laghdú 28 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais.

(179) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

6. **CÚISÍOCHT**

(180) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. Tar éis an nochta, dúirt CFI nach ndearna an Coimisiún amhlaidh agus gur cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar éifeachtaí tosca aitheanta eile ba chúis leis an meath tosaigh ar thionscal an Aontais sular cuireadh tús arís le hallmhairí SAM. Dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh CFI mar mhaíomh gan bhunús agus chinntigh sé nár cuireadh i leith na n-allmhairí dumpáilte aon díobháil a bhféadfadh tosca seachas na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann a bheith ina gcúis leo. Seo a leanas na tosca sin: éifeachtaí allmhairí ó thríú tíortha eile, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, UNA a bheith á allmhairiú ag tionscal an Aontais, méadú ar an gcostas táirgthe agus laghdú ar thomhaltas an Aontais.

6.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(181) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, chaill tionscal an Aontais méideanna suntasacha díolachán ar mhargadh an Aontais, de réir mar a tháinig laghdú 45 % ar a dhíolacháin san Aontas. De réir mar a tháinig laghdú 23 % ar thomhaltas, laghdaigh sciar thionscal an Aontais den mhargadh ó 76,6 % go 54,9 %.

(182) Is féidir an laghdú ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh a chur síos d'allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, óir mhéadaigh a sciar siúd den mhargadh ó 15,8 % go 42,8 %. Tar éis thús chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tháinig méadú suntasach ar phraghsanna fuinnimh, rud a d'fhág gur tháinig méadú tapa ar an gcostas táirgthe. Ag an am céanna, tháinig méadú as cuimse ar mhéideanna allmhairí.

(183) Is dleachtanna seasta iad na dleachtanna atá i bhfeidhm a suíodh tráth a raibh praghsanna UNA íseal i gcomparáid leis na praghsanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú. B'ionann meánphraghas díola thionscal an Aontais agus EUR 127/tona in 2017/2018, an tréimhse a úsáideadh chun an méid sonrach dleachta a ríomh le linn an imscrúdaithe bunaidh, ach bhí meánphraghas díola thionscal an Aontais a breathnaíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe níos mó ná dhá uair níos airde mar gheall ar na costais a bhí méadaithe go mór. Dá bhrí sin, tháinig laghdú mór ar éifeachtacht na dleachta sonraí, agus bhí éifeachtaí tubaisteacha méide ag allmhairí ó na tíortha lena mbaineann cheana féin in 2022, tráth a d'ardaigh praghsanna UNA as cuimse agus a raibh dleachtanna frithdhumpála seasta ina sciar an-íseal de phraghas deiridh UNA. Tar éis méideanna suntasacha agus sciar suntasach den mhargadh a chailleadh in 2022, ó 2023 ar aghaidh, ní raibh tionscal an Aontais in ann na méaduithe costais a chur ar aghaidh chuig a phraghsanna díola mar gheall ar iomaíocht éagórach ó na hallmhairí dumpáilte agus thabhaigh sé caillteanais shuntasacha in 2023 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(184) Is léir, dá bhrí sin, go raibh mór-ról ag an méadú mór ar allmhairí ar phraghsanna laghdaitheacha a bhí ag sladghearradh praghsanna thionscal an Aontais agus á sochtadh le linn do tháscairí eacnamaíocha thionscal an Aontais a bheith ag dul in olcas go tapa. Bhí dhá thoisc tháirgeshonracha a chuir go mór leis an tionchar sin. Ar an gcéad dul síos, is tráchtearra é UNA a dhíoltar le custaiméirí, ar bhonn an phraghais i mbeagnach gach cás. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag difríocht bheag sa phraghas. Ar an dara dul síos, murab ionann agus formhór na leasachán, is táirge leachtach é UNA a mbíonn umair stórála speisialta ag teastáil ina leith. Dá bhrí sin, ní mór do tháirgeoirí de chuid an Aontais a bhaineann teorainn a n-acmhainne stórála UNA amach UNA a aistriú isteach sa slabhra dáileacháin trí stoc a dhíol ar na praghsanna atá i réim sa mhargadh, fiú más praghsanna ísle iad.

(185) Dúirt CFI go mbíonn a sholáthar don Aontas ag freagairt don éileamh, nach ndíríonn siad ach ar an soláthar, ach cibé an mbíonn CFI ag lorg custaiméirí nó na custaiméirí ag lorg soláthróra ní fiú é chun críche na hanailíse seo. Luaigh CFI freisin nach raibh ach comhghaol íseal, sa chás is fearr, idir allmhairí ó SAM agus laghdú feidhmíochta tháirgeoirí an Aontais, gur cuireadh forbairtí margaidh neamhbhainteacha éagsúla i leith éifeacht na n-allmhairí go hearráideach agus gur cheart don Choimisiún teacht ar chonclúid ar an dul céanna le *Soy Protein* ([25]), cás ina bhfuarthas go raibh an nasc cúisíoch briste idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Tar éis an nochta, mheas CFI go raibh treochtaí díobhála ar neamhréir le hallmhairí ó na Stáit Aontaithe. I ndáil leis sin, d'áitigh sé gur tháinig laghdú ar fheidhmíocht thionscal an Aontais cheana féin in 2021, is é sin sular tháinig allmhairí ó na Stáit Aontaithe isteach san Aontas arís. D'easaontaigh an Coimisiún agus mheabhraigh sé do CFI gur suíodh cúisíocht san imscrúdú bunaidh agus go bhfuil an anailís díobhála san athbhreithniú éaga atá ar siúl faoi láthair dírithe go príomha ar an gceist ar tháinig tionscal an Aontais chuige féin ón díobháil roimhe sin arbh iad na hallmhairí dumpáilte ba chúis léi agus an leanfaí den díobháil sin nó an dtarlódh sí arís dá rachadh na bearta in éag. Thairis sin, murab ionann agus *Soy Protein*, suíodh nasc cúisíoch soiléir leis an imscrúdú atá ar siúl faoi láthair idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann, lena n-áirítear na hallmhairí ó SAM, agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Mar a luadh in aithris (182) thuas, leis na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann méadaíodh a sciar den mhargadh ó 15,8 % in 2021 go 42,8 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tháinig méadú ó 0 % in 2021 go 20,6 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó SAM. Ina theannta sin, suíodh go raibh na corrlaigh dumpála i bhfad os cionn *de minimis* i gcás na dtrí thír lena mbaineann.

6.2. **Allmhairí ó thríú tíortha**

(186) Bhí allmhairí ó thríú tíortha níos costasaí ná allmhairí ó na tíortha lena mbaineann. Tháinig laghdú mór freisin ar mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha, arb ionann é agus sciar 7,6 % den mhargadh in 2021 ach sciar nach mó ná 2,3 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár chuir allmhairí den sórt sin leis an díobháil do thionscal an Aontais.

(187) Le linn an imscrúdaithe, thug an t-allmhaireoir comhoibríoch Union Invivo dá aire go ndearnadh atheagrú ar shreafaí allmhairí ó thionscnaimh eile mar thoradh ar na sreafaí allmhairiúcháin níos ísle ón mBealarúis, tar éis na smachtbhannaí a d'fhorchuir an tAontas, i gcomhthéacs táirgeoirí an Aontais níos lú UNA a tháirgeadh. D'admhaigh an Coimisiún gur tháinig laghdú suntasach ar allmhairí UNA ón mBealarúis ar chúiseanna geopholaitiúla agus na smachtbhannaí arna bhforchur ag an Aontas. Thug an Coimisiún dá aire freisin, áfach, go raibh margadh 4,7 % ag allmhairí ón mBealarúis in 2021, ach go raibh sciar den mhargadh níos mó ná trí huaire níos airde mar atá 15,8 % ag allmhairí ó na tíortha lena mbaineann sa bhliain sin. Thairis sin, cé gur tháinig laghdú 120 271 thona ar allmhairí ón mBealarúis ó bhí 2021 ann, i.e. roimh na smachtbhannaí, tháinig méadú 582 869 dtona ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann sa tréimhse chéanna sin, i.e. beagnach cúig oiread an mhéid sin. Dá bhrí sin, ní mhíníonn an laghdú ar allmhairí ón mBealarúis an láithreacht láidir agus an méadú le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann.

6.3. **Laghdú ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais**

(188) Le linn an imscrúdaithe, chuir táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha staid dhíobhálach tháirgeoirí an Aontais síos d'onnmhairí thionscal an Aontais a bhí ag laghdú.

([25]) Cinneadh ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2012 lena gcuirtear deireadh leis an nós imeachta frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí áirithe táirgí próitéine soighe tiubhaithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 168, 28.6.2012, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/343/oj).

(189) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Feidhmíocht onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An méid onnmhairí (tonaí)	572 947	422 193	292 937	425 426
Innéacs	*100*	*74*	*51*	*74*
Meánphraghas (EUR/tona)	276	627	306	224
Innéacs	*100*	*227*	*111*	*81*

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó Fertilizers Europs agus na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(190) Is é atá i gceist le honnmhairí ar an meán 16 % de tháirgeacht UNA thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ina theannta sin, bhí an laghdú ar dhíolacháin onnmhairí teoranta i gcomparáid leis an laghdú ar dhíolacháin san Aontas, fiú i dtéarmaí coibhneasta, agus bhí praghsanna onnmhairí thionscal an Aontais luaineach agus uaireanta bhí siad os cionn phraghsanna thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár chuir feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

6.4. **Féindíobháil arna déanamh ag tionscal an Aontais**

(191) D'áitigh CFI gur féindíobháil a bhí sa díobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais ar deireadh toisc gur cheannaigh roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais UNA ó na tíortha lena mbaineann. Fuarthas amach san imscrúdú gur cheannaigh an táirgeoir sampláilte de chuid an Aontais ar thagair CFI dó cainníochtaí beaga UNA ar bhonn eisceachtúil, i bhfianaise imthosca deacra an mhargaidh, chun orduithe áirithe a chomhlíonadh. Ní raibh aon tionchar suntasach ag na hoibríochtaí sin ar staid dhíobhálach thionscal an Aontais i gcoitinne a mhéid a d'fhág siad nach raibh an nasc cúisíoch fíor ná substaintiúil. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

6.5. **Méadú ar chostais táirgthe**

(192) Dúirt táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, an comhlachas AFCOME ([26]) agus Union Invivo gurbh é ba chúis leis an díobháil gur íoc (roinnt) táirgeoirí de chuid an Aontais praghas ard ar ghás/fhuinneamh agus/nó go raibh siad ag brath rómhór ar ghás ón Rúis (a ndearnadh uirlis chogaidh de) agus/nó go raibh struchtúir chostais neamhéifeachtúla acu a chuir teorainn lena gcumas freagairt do shuaití seachtracha. Dúirt táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha freisin go raibh cuid de na himthosca sin gan fasach, eisceachtúil agus nach dócha go dtarlóidh siad arís, cé gur mheas CFI ag céim an nochta go raibh deacrachtaí soláthair an Aontais sách struchtúrach. Luaigh MHTL go raibh na himthosca inar tharla feidhmíocht dhiúltach tháirgeoirí an Aontais eisceachtúil, agus gur táscaire láidir a bhí sna sonraí a bhí ar fáil (san iarraidh) go raibh tionscal an Aontais ag teacht chuige féin, agus go bhfuil sé ag dul ó neart go neart. Tar éis an nochta, d'áitigh AFCOME, INOXA ([27]) agus Union Invivo go raibh rochtain ag na tíortha lena mbaineann ar ghás ar phraghsanna níos ísle ná táirgeoirí an Aontais, ach d'iarr CFI anailís a léireodh go raibh feidhmíocht na hearnála leasacháin san Aontas ag teacht le cliseadh níos leithne líomhnaithe ar fud thionscail an Aontais atá dian ar ghás nádúrtha, lena n-áirítear cruach, stroighin, gloine agus páipéar.

(193) Diúltaítear do na maímh mar, dá mbeadh cothrom iomaíochta ann, beag beann ar staid na dtionscal atá dian ar ghás nádúrtha seachas UNA, ba cheart do tháirgeoirí an Aontais a bheith in ann a bpraghsanna díola UNA a mhéadú go leibhéal inbhuanaithe/brabúsach in aon chás, agus san imscrúdú atá ar siúl faoi láthair léiríodh nach amhlaidh a bhí. Tugtar ar aird freisin nach míniú í éabhlóid na bpraghsanna agus na gcostas gáis/fuinnimh le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar bhrabúis laghdaitheacha sa chás seo, ós rud é, in 2022, nuair a shroich praghsanna agus costais gáis/fuinnimh buaicphointe, go raibh tionscal an Aontais brabúsach. Ní thugann difríocht sa phraghas idir gás san Aontas agus sna tíortha lena mbaineann údar leis na cleachtais dumpála a aimsíodh.

([26]) Association Française de Commercialisation et de Mélanges d'Engrais.
([27]) Soláthraí ionchur talmhaíochta in Iarthuaisceart na Fraince, http://www.inoxa.fr/.

(194) Tar éis an nochta, chuir MHTL i gcoinne mheasúnú an Choimisiúin thuas. I gcás an pháirtí, gach rud a mheastar a bheith comhionann, ní leanann sé go huathoibríoch i ngach cás go mbeidh díoltóir in ann a phraghas díola a mhéadú *ad infinitum* chun a chostais féin a chumhdach toisc go mbíonn tionchar ag srianta eile ar chumas an díoltóra praghsanna a ardú, amhail éileamh ar sholáthar agus na hionchais go rachadh a gcustaiméirí chuig iomaitheoirí eile. Dhiúltaigh an Coimisiún do bhreithnithe MHTL, a dhéanann neamhaird de gur cheart go mbeadh táirgeoirí an Aontais in ann méaduithe ar chostais a chur ar aghaidh i gcothroime iomaíochta seachas caillteanais a dhéanamh nuair a thit praghsanna gáis (sa dara cuid den tréimhse faoi bhreathnú).

6.6. **Laghdú ar thomhaltas an Aontais**

(195) Léirítear i dTábla 1 gur tháinig laghdú 23 % ar an iomlán ar an tomhaltas ar mhargadh an Aontais. Is treocht coitianta é an laghdú ar éileamh i gcás leasacháin nítrigine, a bhfuil laghdú cobhsaí tagtha ar a rátaí tomhaltais le blianta beaga anuas mar gheall ar staideanna aeráide dúshlánacha, creataí rialála comhshaoil atá ag athrú agus tosca geopholaitiúla. Ní léir an dócha go leanfaidh an treocht anuas amach anseo, go háirithe a mhéid a bhaineann le UNA. Maidir le treochtaí amach anseo, thug CFI dá aire, cé gur luainigh an t-éileamh ar UNA idir 2020-2024, go réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh domhanda agus ar éileamh an Aontais ar UNA (ná gur cuireadh aon chainníochtú ar fáil).

(196) Tar éis an nochta, d'iarr CFI anailís ar cé acu a tháinig nó nár tháinig an laghdú ar mhéid díolachán UNA ag táirgeoirí de chuid an Aontais as laghdú ar an éileamh agus ar cé acu a laghdaigh nó nár laghdaigh an laghdú ar thomhaltas an Aontais úsáid acmhainneachta, ionsú costas seasta agus brabúsacht tháirgeoirí an Aontais. I ndáil leis sin, meabhraíonn an Coimisiún go ndearnadh anailís i Ranna 5.2, 5.5.2.1, 5.5.2.2 agus 5.5.3.4 thuas ar threochtaí maidir le tomhaltas an Aontais, úsáid acmhainneachta san Aontas, díolacháin san Aontas ag táirgeoirí an Aontais, agus a mbrabúsacht.

(197) Chinn an Coimisiún, in ainneoin go raibh laghdú i gcoitinne ar thomhaltas UNA san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, is amhlaidh a mhéadaigh go seasta ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse sin, rud a chuaigh chun dochair d'allmhairí eile agus do dhíolacháin thionscal an Aontais. Thángthas ar an gconclúid, dá bhrí sin, cé go bhféadfadh sé gur chuir forbairt an éilimh leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais, gurbh iad allmhairí dumpáilte fós ba phríomhchúis leis an díobháil sin. I bhfocail eile, níorbh fhéidir le héifeachtaí an laghdaithe ar thomhaltas an Aontais a fhágáil nach fíornasc substaintiúil a bhí sa nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

6.7. **Conclúid**

(198) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin go ndearna allmhairí ó na tíortha lena mbaineann díobháil ábhartha do thionscal an Aontais, cé go bhféadfadh sé gur chuir an laghdú ar thomhaltas leis. Fuarthas nach tosca eile a chuir leis an díobháil a fuarthas.

7. **AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DÍOBHÁIL**

(199) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (179) gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ar an dóchúlacht go leanfaí den díobháil arbh iad na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ba chúis léi dá ligfí do na bearta dul in éag.

(200) Maidir leis sin, rinne an Coimisiún anailís ar na gnéithe a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sna tíortha lena mbaineann, na praghasleibhéil is dócha a bheidh ann i leith allmhairí ó na tíortha lena mbaineann in éagmais bearta frithdhumpála agus an tionchar a bheadh acu ar thionscal an Aontais, agus a tharraingtí atá margadh an Aontais.

(201) Thug an Coimisiún dá aire gur léir go dtacaíonn an anailís ar na heilimintí thuasluaite leis an toradh gur leanadh den díobháil. Gan beann ar an méid sin, is léiriú soiléir iad na heilimintí céanna, mar aon le hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann a bheith ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú d'ainneoin dleachtanna frithdhumpála a fhorchur, go dtarlódh díobháil arís mura ndéantar an beart a athnuachan.

7.1. **Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sna tíortha lena mbaineann**

(202) Mar a luadh in aithrisí (94), (99) agus (103), tá acmhainneacht táirgeachta shuntasach gan úsáid sna trí thír lena mbaineann. Tá sé d'acmhainn ag na honnmhaireoirí go léir sna tíortha lena mbaineann a n-onnmhairí chuig an Aontas a mhéadú go tapa, mar a léirítear leis an méadú suntasach ar allmhairí ó na trí thír lena mbaineann idir 2021 agus 2022. Measadh go raibh acmhainneacht bhreise thart ar dhá mhilliún tona acu le chéile, arb ionann agus dhá thrian den tomhaltas san Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ba cheart a thabhairt ar aird freisin maidir leis an dá thír lena mbaineann a bhfuil formhór na n-acmhainneachtaí breise acu (an Rúis agus Oileán na Tríonóide agus Tobága) gur ar éigean atá aon mhargadh intíre iontu.

7.2. **Leibhéil praghsanna dhóchúla allmhairí ó na tíortha lena mbaineann**

(203) Rinne allmhairí ó na tíortha lena mbaineann sladghearradh praghais ar phraghsanna thionscal an Aontais san Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ba é 18 % an meánchorrlach sladghearrtha ualaithe i gcás allmhairí ón Rúis, 12 % i gcás allmhairí ó Oileán na Tríonóide agus Tobága agus 3,5 % i gcás allmhairí ó na Stáit Aontaithe. Dá rachadh na bearta in éag, beifear ag dréim le leanúint den sladghearradh agus de shochtadh praghsanna, rud a chuirfidh a thuilleadh leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Thiocfadh méadú ar na leibhéil sladghearrtha agus sochta praghsanna do na Stáit Aontaithe dá dtiocfadh na himthosca dá dtagraítear in aithris (209) thíos chun cinn.

(204) D'onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha UNA chuig dornán tríú tíortha, a shonraítear sa chéad roinn eile, ar phraghsanna a bhí ag brath ar na dálaí margaidh i réim. In éagmais bearta frithdhumpála san Aontas, beidh praghas na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann isteach san Aontas níos ísle agus níos tarraingtí. Tugtar ar aird gurbh é CFI an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch a raibh margadh intíre suntasach aige chun freastal air.

(205) Ós rud é go bhfuil praghsanna ísle arna socrú ag an stát agus arna saobhadh go saorga ar ghás sa Rúis, agus go bhfuil beartas déphraghsála gáis ann d'aon ghnó, díoltar gás ón Rúis leis an tionscal áitiúil intíre UNA ar phraghsanna a choinnítear íseal go saorga agus díoltar leis an Aontas é ar phraghsanna gáis onnmhairiúcháin an-ard. Rinneadh éifeachtaí an bheartais déphraghsála gáis níos measa mar gheall ar an ngéarchéim eisceachtúil gáis san Aontas. Dá bhrí sin, meastar go leanfar de phraghsanna ísle ar aon onnmhairí UNA ón Rúis chun sladghearradh praghais a dhéanamh ar phraghsanna thionscal an Aontais.

7.3. **A tharraingtí atá margadh an Aontais**

(206) Mar a luadh i roinn 4, tá margadh an Aontais tarraingteach ó thaobh méide agus praghsanna de. Ní úsáidtear UNA ach san Eoraip Láir Thiar, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, i gCeanada, san Airgintín agus san Astráil agus ní dhéantar ach idir 4 agus 5 mhilliún tona de a thrádáil ar bhonn domhanda in aghaidh na bliana ([28]). Is é an tAontas Eorpach an dara margadh UNA is mó ar domhan. Thug CFI dá aire, cé gur luainigh an t-éileamh ar UNA idir 2020-2024, go réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh domhanda ar UNA agus ar an éileamh air san Aontas freisin. Tá margadh an Aontais fós tarraingteach ó thaobh praghais de agus bíonn rochtain ar fhoinsí luachmhara maoinithe, ar bhonneagar teicnící beachta toirchithe agus ar acmhainní eile ag feirmeoirí a ídíonn leasacháin. Níor chuir na bearta atá i bhfeidhm cosc ar na tíortha lena mbaineann a sciar den mhargadh a mhéadú ó 37,7 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh go 42,8 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe atá ar siúl faoi láthair.

(207) Go ginearálta, bíonn bealaí dáilte leasachán seanbhunaithe san Aontas ag onnmhaireoirí, rud a éascaíonn na honnmhairí ó thaobh lóistíochta de. Bhí an-acmhainneacht acu méideanna suntasacha a sheoladh go tapa chuig an Aontas in 2022, bliain ina raibh méideanna allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann thart ar 1,5 uair níos mó ná in 2021. Bhunaigh an Rúis cuótaí go déanach in 2021 maidir le honnmhairiú leasachán mianrach, ach is beag tionchar a bhí ag cur chun feidhme agus leathnú na gcuótaí sin ar mhéideanna onnmhairí ([29]).

(208) Ina theannta sin, ní féidir tomhaltas UNA, a éilíonn bonneagar sonrach, atá ann cheana san Aontas, a chruthú go héasca i margaí nua.

([28]) t24.010911 (Union Invivo), sleamhnán 9.

([29]) Alt preasa '*Fertilizer market anticipates little impact from updated Russian export quotas*' dar dáta an 25 Deireadh Fómhair 2024, ar fáil ag https://www.spglobal.com/commodity-insights/en/news-research/latest-news/fertilizers/102524-fertilizer-market-anticipates-little-impact-from-updated-russian-export-quotas.

(209) Thairis sin, tiocfaidh méadú ar tharraingteacht mhargadh an Aontais má laghdaítear taraifí custaim ar UNA a thagann ó na Stáit Aontaithe ón 6,5 % atá ann faoi láthair go nialas ([30]). D'fhéadfaí a bheith ag súil le méideanna breise UNA ó na Stáit Aontaithe mar gheall ar athrú a rinneadh le déanaí ar bheartas trádála na Stát Aontaithe ([31]), rud a chuirfeadh deireadh sa deireadh le taraifí a raibh sé beartaithe ag na Stáit Aontaithe a chur i bhfeidhm ar allmhairí áirithe, lena n-áirítear UNA. Is dócha go mbeidh iomaíocht athbheoite i margadh UNA intíre na Stát Aontaithe mar thoradh air sin, ansin sáithiú an mhargaidh sin agus atreorú UNA ina dhiaidh sin ó na Stáit Aontaithe chuig margadh préimhe an Aontais.

7.4. **Conclúid**

(210) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go dtiocfadh méadú mór ar allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ar leibhéil dhíobhálacha praghsanna dá ndéanfaí na bearta a aisghairm, agus dá bhrí sin go ngéarófaí a thuilleadh an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Dá thoradh sin, bheadh inmharthanacht thionscal an Aontais go mór i mbaol.

(211) Mheas táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha gur comhartha é táirgeacht tháirgeoirí an Aontais, nó a sciar den mhargadh, a bheith ag méadú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2023 go bhfuil tionscal an Aontais ag téarnamh. Tar éis an nochta, tharraing MHTL aird ar dhálaí oibriúcháin feabhsaithe do thionscal an Aontais mar thoradh ar phraghsanna gáis nádúrtha a bheith ag titim tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, staid a bheadh, dar leis an bpáirtí, ag teacht salach ar aon chonclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Ní féidir leis na breithnithe sin an bonn a bhaint den chonclúid san aithris thuas i bhfianaise na hanailíse i ranna 5.5.2 agus 5.5.3 thuas.

(212) Is dócha go ndéanfar díobháil ábhartha an athuair in aon chás má théann na bearta in éag. Go sonrach, in éagmais bearta athnuaite, tá gach seans ann go dtiocfaidh borradh ar allmhairí dumpáilte ar phraghsanna díobhálacha ó na tíortha lena mbaineann. Tar éis an nochta deiridh, chaith CFI amhras ar an dá ráiteas a mhéid a bhaineann le hallmhairí ó na Stáit Aontaithe ar fhorais anailíse dumpála lochtacha. Tugadh aghaidh ar líomhaintí CFI ina leith sin i roinn 4.3.3. thuas. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil an riosca maidir le borradh a chur faoi allmhairí dumpáilte díobhálacha ó na tíortha lena mbaineann ábhartha mar gheall ar acmhainneachtaí breise suntasacha a bheith ann sna tíortha onnmhairiúcháin. Leis na sonraí atá ar fáil maidir le praghsanna onnmhairiúcháin tugtar le fios thairis sin go leanfaidh praghsanna UNA san Aontas de bheith tarraingteach, ag cur san áireamh nach bhfuil aon cheann scríbe eile ar féidir leis an méid a dhíolann táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha san Aontas a ionsú. Mar a luaitear in aithris (206), is beag tír ina n-ídítear UNA.

8. **LEAS AN AONTAIS**

(213) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist féachaint an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine na bearta frithdhumpála atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun. Bunaíodh an cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla go léir lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais agus leasanna allmhaireoirí, úsáideoirí agus oibreoirí eacnamaíocha eile.

8.1. **Leas thionscal an Aontais**

(214) Tá thart ar 20 táirgeoir aitheanta UNA ar fud an Aontais. Chomhoibrigh táirgeoirí de chuid an Aontais a chumhdaíonn beagnach 70 % de mhéid táirgeachta an Aontais leis an imscrúdú. Níor chuir aon cheann díobh i gcoinne an imscrúdaithe.

([30]) Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le coigeartú dleachtanna custaim ar allmhairiú earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus le tionscnamh taraif-chuótaí i ndáil le hallmhairí d'earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, COM(2025) 471 final. An Bhruiséil, an 28 Lúnasa 2025. Le fáil ag https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2025)471&lang=en.

([31]) Iarscríbhinn I a ghabhann le hOrdú Feidhmiúcháin modhnaithe 12257, ar fáil ag https://www.whitehouse.gov/presidential-actions/2025/11/modifying-the-scope-of-the-reciprocal-tariff-with-respect-to-certain-agricultural-products/

(215) I gcomhthéacs margadh dúshlánach leasachán a mhéid a bhaineann le soláthar agus praghsanna luaineacha, caolaíodh éifeacht ionchasach na mbeart atá i bhfeidhm de bharr praghsanna arda ar UNA agus, dá bhrí sin, ní téarnamh mór ar thionscal an Aontais a bhí mar thoradh orthu. Is dócha go mbeidh tionchar diúltach ag aisghairm na mbeart ar thionscal an Aontais mar gheall ar an méadú dóchúil ar allmhairí díobhálacha ó na tíortha lena mbaineann, a bheidh ina chúis le méideanna agus praghsanna díolacháin níos ísle, rud a ghéaróidh na caillteanais airgeadais agus a bhainfidh a thuilleadh de chumas thionscal an Aontais infheistíocht a dhéanamh. Ach síneadh a chur leis na bearta, bheadh deis ag tionscal an Aontais oibríochtaí a shaothrú, soláthairtí rialta den táirge faoi athbhreithniú a thairiscint, fostaíocht a choimeád, infheistíocht a dhéanamh chun éirí níos glaise agus brabúsacht a fheabhsú go leibhéil inbhuanaithe.

(216) Dúirt ionadaithe fheirmeoirí na Gearmáine go bhfágfadh SCCT ([32]) nach mbeadh gá leis na dleachtanna frithdhumpála. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh toisc go dtugann SCCT aghaidh ar ábhair eile seachas dumpáil (eadhon chun sceitheadh carbóin a chomhrac). Thairis sin, níl aon rud ann a thugann le fios go gcuirfidh SCCT stop le hallmhairí UNA, fiú más féidir coinne réasúnta a bheith le héifeacht athchomhairleach, de réir AGPB ([33]) agus Union Invivo.

8.2. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(217) Chuir dhá allmhaireoir neamhchomhlachaithe freagra ceistneora isteach agus d'aontaigh siad comhoibriú a thuilleadh leis an imscrúdú. Thacaigh siad araon le hathnuachan na mbeart a mhéid a bhaineann le hallmhairí UNA ón Rúis ar chúiseanna geopholaitiúla.

(218) B'ionann gníomhaíochtaí UNA agus sciar beag de ghníomhaíochtaí ceann amháin den dá allmhaireoir chomhoibríocha, ar aontas comharchumann é a bhí ag gníomhú thar ceann a chomhaltaí agus ag freastal ar níos mó ná 20 % de mhargadh an táirge faoi athbhreithniú san Aontas in 2023. Dhéanadh an t-allmhaireoir eile, a bhí níos spleáiche ar UNA, a phraghsanna díola a oiriúnú ag brath ar éabhlóid an mhargaidh UNA. Thairg an dá allmhaireoir chomhoibríocha réimse leathan seirbhísí agus/nó táirgí agus bhí roinnt foinsí soláthair acu.

(219) Ní féidir gur mó aon iarmhairtí diúltacha d'allmhaireoirí san Aontas a eascraíonn as síneadh a chur leis na bearta ná iarmhairtí dearfacha na mbeart sin ar thionscal an Aontais. Is é is aidhm do leathnú na mbeart tacú le cothrom iomaíochta ar féidir leis na páirtithe uile tairbhiú de. Ina theannta sin, cuireann allmhaireoirí réimse leathan leasachán agus/nó seirbhísí ar fáil go ginearálta agus bíonn roinnt foinsí soláthair acu. Dúirt formhór na bpáirtithe, lena n-áirítear an dá allmhaireoir chomhoibríocha, gurb iad úsáideoirí deiridh UNA, i.e. feirmeoirí, na páirtithe a ndéanfadh (cibé) méaduithe ar phraghsanna a bheadh ag eascairt as na bearta difear dóibh ar deireadh thiar.

8.3. **Leas na n-úsáideoirí**

(220) Níor chuir aon pháirtithe a dhéanann ionadaíocht ar leasanna úsáideoirí freagraí ceistneora isteach.

(221) Tháinig comhlachais chun cinn a dhéanann ionadaíocht ar agra-chomharchumainn ábhartha agus/nó ar fheirmeoirí san Aontas (Copa-Cogeca) agus san Ostair, sa Bheilg (an Vallúin), sa Danmhairg, san Fhionlainn, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, in Éirinn, sa Pholainn agus sa Phortaingéil. Níor chuir aon cheann díobh in aghaidh athnuachan na mbeart a mhéid a bhaineann le hallmhairí UNA ón Rúis ar chúiseanna geopholaitiúla. Chuir siad in aghaidh na bearta a athnuachan a mhéid a bhain le hallmhairí UNA ó na tíortha eile lena mbaineann, áfach, ar an bhforas go ndearna na bearta dochar d'fheirmeoirí. Chuir táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha tuairim den chineál céanna in iúl agus chuir siad doiciméid isteach ina leith. Roinnt ceardchumann/grúpaí comharchumann sa Fhrainc a ghníomhaíonn mar ardáin cheannaigh a cheannaíonn soláthairtí talmhaíochta thar ceann feirmeoirí, luaigh siad tionchar diúltach na mbeart ar fheirmeoirí na Fraince agus thug siad le fios go raibh feirmeoirí ag maoiniú an easpa gáis ar chríoch an Aontais trí dhleachtanna frithdhumpála a íoc ar UNA.

(222) Mhaígh comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar fheirmeoirí nach bhfuil ach táirgí teoranta ann d'fheirmeoirí/nach bhfuil táirgí ionadacha ann d'fheirmeoirí (agus/nó d'oibreoirí eacnamaíocha eile) toisc nach bhfuil an táirgeadh leasachán nítrigine san Aontas leordhóthanach. Mar sin féin, bhí roinnt tacair sonraí tacaíochta a chuir na páirtithe i láthair, is é sin a mhéid a bhaineann le táirgeacht UNA an Aontais, neamhiomlán.

([32]) Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha. Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, (IO L 130, 16.5.2023, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/956/oj).

([33]) Association Générale des Producteurs de Blé et autres céréales, https://agpb.fr/missions/.

(223) Bhain barúlacha áirithe le tábhacht chostais UNA ar fheirm (cé go raibh an cainníochtú éagsúil ó pháirtí go páirtí ([34])) agus/nó tugadh le fios leo go bhfuil feirmeoirí ag fulaingt le blianta ar chúiseanna éagsúla (amhail drochbharra, praghsanna díola ísle, drochaimsir nó iomaíochas ard sa mhargadh) agus leagadh béim ar an bhfostaíocht atá i mbaol. De réir na bpáirtithe sin, dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála ar bun chuirfí iallach ar roinnt feirmeoirí deireadh a chur le táirgeadh agus/nó earnáil a oibríonn i margadh luaineach a ligean ar meath a thuilleadh, ós rud é nach féidir le feirmeoirí costais a chur ar aghaidh agus nach mór dóibh a bheith iomaíoch i gcónaí i margadh domhandaithe. Tar éis an nochta, dúirt AGPB go raibh na mílte feirmeacha gránach speisialaithe san Aontas ina raibh na mílte post, lena n-áirítear i ngníomhaíochtaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha. Mar sin féin, níor chainníochtaigh aon pháirtí líon na bpost a d'fhéadfadh a bheith i gceist nó a bhféadfaí bunús a thabhairt leo dá mbeadh, conas a d'fhéadfadh agus/nó cé mhéad a d'fhéadfadh a bheith i mbaol, bunaithe ar fhianaise iarbhír.

(224) Cé go n-aithnítear go bhféadfadh tionchar na mbeart a bheith éagsúil ag brath ar an gcineál feirme nó ar an gcleachtas feirmeoireachta, tugtar ar aird gur chinn an Coimisiún san imscrúdú bunaidh go raibh níos lú ná 1 % de na costais feirmeoireachta fhoriomlána san Aontas i gceist le UNA. Níor cuireadh in aghaidh an chéatadáin sin san imscrúdú atá ar siúl faoi láthair. Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh, luaigh AGPB gur méid suntasach a bhí sa chéatadán.

(225) Fuarthas nach raibh tionchar suntasach ag aon mhéadú ar phraghsanna a dhíorthaigh ó na bearta ar earnáil na feirmeoireachta ina hiomláine san Aontas, ná ar onnmhairí an phríomhbhairr san Aontas ina n-úsáidtear UNA, i.e. cruithneacht. Go deimhin, tháinig méadú ar onnmhairí cruithneachta an Aontais ó 32,3 milliún tona in 2021/2022, go 35,1 milliún tona in 2022/2023 agus ansin go 38,9 milliún tona in 2023/2024 ([35]). I ndáil leis sin, ina bharúlacha maidir leis an nochtadh, dúirt AGPB gur ndearna an Coimisiún neamhaird de gur thit onnmhairí cruithneachta an Aontais in 2024 mar gheall ar an iliomad cúiseanna, is é sin an méadú ar phraghsanna leasachán, agus go mbeadh ioncam diúltach ag cuid mhaith feirmeacha gránach speisialaithe in 2024 agus 2025. Chinn an Coimisiún go raibh an ráiteas deireanach ó AGPB ag teacht salach ar bhreithnithe AGPB maidir le heaspa comhghaoil idir an méadú ar onnmhairí cruithneachta in 2021/2022, 2022/2023 agus 2023/2024, agus praghsanna leasachán (leasacháin á gceannach 18 mí roimh an mbuaint). Ar deireadh, mheabhraigh an Coimisiún a chinneadh san imscrúdú bunaidh maidir le heaspa comhghaoil idir éagsúlacht costais na n-ionchur feirme agus ioncam feirmeoirí.

(226) Ós rud é go gcumhdaítear réaltachtaí an-éagsúil le UNA mar leasachán agus go n-athraíonn úsáid UNA go mór ó bharr go barr, ó réigiún go réigiún, etc., dhírigh an Coimisiún a anailís, amhail san imscrúdú bunaidh, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr na bearta a choinneáil ar bun le haghaidh feirmeacha a dhéanann speisialtóireacht ar chruithneacht bhog (i.e. an príomhbharr ina n-úsáidtear UNA) sa Fhrainc (an phríomhthír táirgthe cruithneachta san Aontas) arb é UNA an t-aon fhoinse leasacháin nítrigine amháin a úsáideann siad. Meabhraítear gurb í an Fhrainc an tír a bhfuil an dara tomhaltas is mó ar domhan aici den táirge faoi athbhreithniú agus gurbh ionann a tomhaltas agus 52 % de thomhaltas an táirge faoi athbhreithniú san Eoraip in 2023 ([36]).

(227) In 2023, i gcás barra páirce na Fraince, ba é a bhí i leasacháin feirmeacha speisialaithe 22,7 % d'iomlán na n-ionchur idirmheánach ([37]). Chaith feirmeoirí speisialtóireachta sa Fhrainc, arbh í cruithneacht a bpríomhaschur (os cionn 30 %), 27,3 % de chostais iomlána a dtáirgthe ar leasacháin. I gcás na bhfeirmeacha sin, b'ionann UNA agus thart ar 19,1 % de chostais iomlána an táirgthe, a ndíorthófaí 1,53 % de ó na dleachtanna frithdhumpála atá ann faoi láthair ([38]). Chuir COPA-COGECA in aghaidh an toraidh 1,53 % do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ach níor sholáthair sé aon ríomh malartach.

(228) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, d'ainneoin cuid mhaith tosca eile a dhéanann difear do staid eacnamaíoch na bhfeirmeoirí, nach raibh ach tionchar costais teoranta ann d'fheirmeoirí sa 'chás is measa' leis na bearta frithdhumpála UNA atá ann faoi láthair, ag cur san áireamh freisin gur ar roinnt barr a bhraitheann cuid mhaith feirmeacha san Aontas. Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh, d'easaontaigh AGPB leis an gconclúid sin ar an bhforas, de réir sainmhínithe, go raibh na feirmeacha a breithníodh speisialaithe maidir le

([34]) Féach na samplaí in t24.011415.

([35]) Féach tábla 3 de 'Synthèses conjoncturelles' uimhir 432 le Agreste, mí na Nollag 2024, atá le fáil ag https://agreste.agriculture.gouv.fr/agreste-web/disaron/SynGcu24432/detail/.

([36]) t24.010911 (Union Invivo).

([37]) Foinse: tairseach sonraí agri, eacnamaíocht feirme: https://agridata.ec.europa.eu/extensions/FADNPublicDatabase/FADNPublicDatabase.html. Tugtar faoi deara san aighneacht t25.011255 gur luaigh AGPB gurbh é 20 % an cóimheas idir costas leasacháin/ionchur iomlán d'fheirmeacha gránach speisialaithe (OTEX 15) in 2023.

([38]) Le praghsanna UNA thart ar EUR 300/tona, chuir dleachtanna frithdhumpála ó EUR 22,24 go EUR 29,48/tona i gcás Oileán na Tríonóide agus Tobága agus Stáit Aontaithe Mheiriceá méadú 8 % ar chostais leasacháin shaothróirí cruithneachta na Fraince a allmhairíonn UNA. Dá bhrí sin, measadh gurb é 1,53 % (8 % x 19,1 %) an éifeacht fhoriomlán ar chostais na bhfeirmeoirí a úsáideann UNA sa chás is airde.

gránaigh agus olashíolta (i.e. ní i mbarra eile). I gcás an Choimisiúin, ní eisiatar ioncaim eile le speisialtóireacht den sórt sin ([39]). Ar an iomlán, ní féidir amhras a chaitheamh air go n-éilítear leis na costais 1,53 % a mhínítear san aithris thuas go gcáileofaí tionchar bhearta frithdhumpála UNA atá ann faoi láthair d'fheirmeoirí sa 'chás is measa' mar thionchar 'teoranta'.

8.4. **Tosca eile**

(229) Ghéill comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar leas feirmeoirí, allmhaireoirí comhoibríocha de chuid an Aontais agus CFI d'athnuachan na mbeart i leith na Rúise ar an bhforas gur theastaigh ón Aontas a spleáchas ar an Rúis le haghaidh ionchuir chriticiúla talmhaíochta a laghdú agus go dtiontaíonn an Rúis gás ina leasacháin nítrigineacha chun smachtbhannaí an Aontais a sheachaint ([40]). D'aithin an Coimisiún an raon leathan beart a cuireadh i bhfeidhm in aghaidh na Rúise ó 2022 i leith ar chúiseanna geopholaitiúla. Tá tobhaigh bhreise ar leasacháin cheimiceacha nítrigineacha ón Rúis agus ón mBealarúis, lena n-áirítear UNA, i bhfeidhm ó mhí Iúil 2025 i leith ([41]).

(230) Chuir comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar leas feirmeoirí, allmhaireoirí neamhchomhlachaithe comhoibríocha agus táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha in aghaidh na mbeart a athnuachan i gcás tíortha seachas an Rúis ar an bhforas go mbíonn gá le hallmhairí den táirge faoi athbhreithniú, nach raibh fáil ar roinnt soláthróirí nach soláthróirí de chuid an Aontais iad, nach féidir leis an táirgeadh san Aontas freastal ar an éileamh intíre, nach bhfreastalaíonn go leor táirgeoirí de chuid an Aontais ach ar a margaí áitiúla, go raibh suaití sa slabhra soláthair UNA agus/nó go raibh táirgeoirí de chuid an Aontais ar fearr leo táirgí breisluacha seachas an táirge faoi athbhreithniú. Luaigh MHTL gur saoráid táirgthe de chuid cuideachta Eilvéisí é go bunúsach, go bhfuil infheistíochtaí móra aige in acmhainneachtaí stórála i mBallstáit éagsúla, agus d'iarr sé go measfaí mar fhoinse iontaofa soláthair é atá suite i dtír ar comhpháirtí cairdiúil de chuid an Aontais í agus atá cobhsaí ó thaobh polaitíochta de, murab ionann agus caidreamh polaitiúil an Aontais leis an Rúis agus le Stáit Aontaithe Mheiriceá atá ag éirí níos éagobhsaí, agus mar chuideachta atá ina comhlánú ar thionscal an Aontais.

(231) Tar éis an nochta, dúirt COPA-COGECA go raibh inacmhainneacht cothaitheach faoi bhrú in 2025. Tharraing AFCOME aird ar laghdú ar sholáthar UNA i lár 2025. Bhí AGPB ag teacht le hábhair imní chomhchosúla agus chuir sé leis go bhféadfadh reachtaíocht nua sna Stáit Aontaithe allmhairí leasachán thar lear a mhealladh (chun dochair don Aontas). Luaigh roinnt páirtithe, amhail INOXA, go raibh neamhábaltacht struchtúrach ag táirgeoirí an Aontais freastal ar an éileamh, go háirithe sa Fhrainc.

(232) Dhiúltaigh an Coimisiún do na hargóintí a ndearnadh achoimre orthu sa dá aithris thuas. Bhí roinnt barúlacha róghinearálta, i.e. bhain siad le leasú go ginearálta ach ní gá gur bhain siad le UNA. Mheas an Coimisiún, ar an iomlán, go bhfuil leordhóthain foinsí soláthair ann, lena n-áirítear roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais chomh maith le hallmhairí. Níor chuir na bearta atá i bhfeidhm cosc ar na tíortha lena mbaineann a sciar den mhargadh a mhéadú ó 37,7 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh go 42,8 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe atá ar siúl faoi láthair. Ní féidir údar a thabhairt le cleachtais dumpála ar an mbonn (i) go raibh táirgeadh a bhí teoranta go sealadach san Aontas agus roinnt suaití sa slabhra soláthair; agus/nó (ii) gur éirigh táirgeoirí áirithe de chuid an Aontais níos neamhéifeachtúla ar feadh tamaillín ó thaobh costais de i gcomparáid le táirgeoirí eile nó i gcomparáid le táirgeoirí nach táirgeoirí de chuid an Aontais iad; agus/nó (iii) ní fhreastalaíonn táirgeoirí uile an Aontais ar an mBallstát is mó a ídíonn UNA san Aontas. Léirigh an t-imscrúdú na sochair don Aontas a bhaineann le foinsí soláthair iomadúla, lena n-áirítear táirgeoirí UNA de chuid an Aontais, a chaomhnú i margadh domhanda dúshlánach atá de shíor ag athrú seachas cur leis an spleáchas ar thríú tíortha a bhfuil cleachtais éagóracha trádála agus/nó lorg carbóin níos mó acu. Léirigh sé freisin go bhfuil an acmhainneacht/deis ag táirgeoirí de chuid an Aontais (cuid acu in ann cinntí maidir le leithdháileadh straitéiseach acmhainneachtaí idir cineálacha éagsúla leasachán nítrigine) an táirgeacht a mhéadú ach cothrom iomaíochta a bheith ann agus riachtanais na bhfeirmeoirí agus a gcomhlachas a chomhlíonadh, agus iad ag iarraidh, le linn an imscrúdaithe, go ndéanfaí foinsí soláthair UNA a éagsúlú. Tar éis an nochta, chinn MHTL go raibh an ráiteas deireanach sin ag teacht salach ar thionscnaimh eile de chuid an Choimisiúin, is

([39]) Résultats économiques des exploitations agricoles - an Fhrainc; Chiffres clés 2023, 18.12.2024 (nuashonraithe an 21.1.2025), ar fáil ag https://agreste.agriculture.gouv.fr/agreste-web/disaron/Chd2418/detail/

([40]) San aighneacht uaidh, t24.010183, luaigh CFI, an táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Stát Aontaithe an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, dar teideal, *Ensuring availability and affordability of fertilisers*, COM/2022/590 final an 9.11.2022, atá ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52022DC0590.

([41]) Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/en/news/eu-increases-tariff-duties-russian-and-belarusian-imports-agricultural-products-and-fertilizers#:~:text=The%20EU%20has%20imposed%20new%20tariffs%20applicable%20on,were%20not%20yet%20subject%20to%20extra%20customs%20duties.

é sin an réasúnaíocht atá leis an méadú céimnithe ar na taraifí is infheidhme in aithris (9) de Rialachán (AE) 2025/1227 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([42]). Chinn an Coimisiún, áfach, go raibh a thionscnaimh éagsúla uile comhsheasmhach agus thug sé dá aire gur measadh go soiléir in aithris (9) a luaigh MHTL go gcuirfeadh an méadú céimnithe ar na taraifí dlús leis an táirgeadh san Aontas.

(233) Tar éis an nochta, d'iarr MHTL ar an gCoimisiún comhsheasmhacht a áirithiú go cúramach ina ghníomhaíocht sheachtrach agus na bearta a aisghairm a mhéid a bhaineann le hOileán na Tríonóide agus Tobága. D'iarr CFI go n-aisghairfí na bearta a mhéid a bhaineann leis na Stáit Aontaithe. Dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh mar mhaímh gan bhunús, toisc nár thug na páirtithe bunús sonrach ná leordhóthanach leo. Go bunúsach, bhí na maímh sin bunaithe go príomha ar a n-argóintí eile maidir le coinníollacha an charntha de réir Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán. Mar a shonraítear i Roinn 5.3.1, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, go raibh na dálaí iomaíochta idir, ar thaobh amháin, na hallmhairí dumpáilte ón Rúis, ó Oileán na Tríonóide agus Tobága agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus, ar an taobh eile, idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus táirge comhchosúil thionscal an Aontais, cosúil le chéile. Dá bhrí sin, níl aon fhoras ann chun onnmhairí ó aon cheann de na tíortha lena mbaineann a eisiamh ó raon feidhme an imeachta seo ná ó na bearta foluiteacha.

(234) Mhaígh Union Invivo go ndearna leagan costasach leasacháin nítrigine den táirge faoi athbhreithniú agus gur tionchar diúltach a bheidh ag athnuachan na mbeart ar pháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le slabhra dáileacháin an tuaslagáin nítrigine. Níorbh fhéidir an díobháil, más ann di, a chainníochtú. Dhiúltaigh an Coimisiún don phointe sin. Níor chuir aon pháirtithe a dhéanann ionadaíocht ar stóráil sna calafoirt, ar dháileoirí ná ar fheirmeacha, ná ar thancaeir na ngnólachtaí spraeála freagraí ceistneora ná aon sonraí infhíoraithe eile isteach ina leith.

(235) Líomhain MHTL go raibh tionchar suntasach ag forchur na mbeart bunaidh ar thionscail iartheachtacha san Aontas, gur méadaíodh costais agus gur cuireadh a n-inmharthanacht i mbaol. Dhiúltaigh an Coimisiún don maíomh, nach raibh bunús leis.

(236) D'fhonn an soláthar a éagsúlú, d'iarr AFCOME ar an Aontas UNA críochnaithe a allmhairiú agus ní hamháin gás chun UNA a tháirgeadh. Dúirt Union Invivo gur lú tionchar ar an gcomhshaol a bheadh ag allmhairí UNA a bhunaítear ar ghás nádúrtha comhbhrúite ([43]) ná ag UNA a mhonaraítear san Aontas as allmhairí GNL ([44]) ar an bhforas go n-astaíonn táirgeadh UNA a dhéantar as GNL 16 % níos mó astaíochtaí gáis ceaptha teasa ná UNA a dhéantar as gás nádúrtha comhbhrúite, agus é ag iarraidh éagsúlú soláthairtí an Aontais, cé acu soláthairtí gáis nó táirgí críochnaithe sintéisithe ó ghás a bhí i gceist leo. Aithníonn an Coimisiún go mbíonn tionchar ag amhábhair ar thionchar UNA ar an gcomhshaol ach dhiúltaigh sé don mhaíomh a mhéid atá sé chun leas an Aontais roinnt foinsí soláthair gáis agus táirgthe UNA a choinneáil san Aontas, lena n-áirítear táirgeoirí intíre UNA.

(237) Mhaígh táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha go raibh slándáil an tsoláthair bia agus inacmhainneacht bia i mbaol, agus gurb iad na tomhaltóirí is mó a bhí thíos leis mar gheall ar phraghsanna bia méadaithe agus na héifeachtaí a bhaineann le géarchéim fhada costais mhaireachtála. Sa chomhthéacs sin, dúirt MHTL go raibh ciall ag na Stáit Aontaithe i mí Lúnasa 2022 nuair a chinn siad gan dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh a fhorchur ar allmhairí UNA isteach i Stáit Aontaithe Mheiriceá ó Oileán na Tríonóide agus Tobága ([45]). Dhiúltaigh an Coimisiún do na hargóintí sin. Ní raibh bunús leis na maímh maidir le méid thionchar na mbeart atá ann cheana ar shlándáil an tsoláthair bia agus ar inacmhainneacht bia agus ar thomhaltóirí. Níor léirigh aon ní ar comhad go ndearna na bearta atá i bhfeidhm difear do shlándáil an tsoláthair bia agus d'inacmhainneacht bia le 5 bliana anuas. Maidir le neamh-fhorchur dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh sna Stáit Aontaithe in 2022, tá na coinníollacha agus na himthosca éagsúil leo siúd san imscrúdú atá ar siúl faoi láthair. Mheabhraigh an Coimisiún gurb é is aidhm do leathnú na mbeart go mbeadh cothrom iomaíochta ann ar féidir leis na páirtithe uile tairbhiú de.

(238) Tar éis an nochta, d'iarr CFI faoiseamh d'fheirmeoirí trí chostais ionchuir a laghdú, infhaighteacht soláthair a fheabhsú agus spleáchas straitéiseach ar tháirgeoirí na Rúise a laghdú. Léirigh páirtithe amhail Interore agus COPA-COGECA go raibh imní orthu faoin éifeacht charnach atá ag tionscnaimh iomadúla, mar atá an Sásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha (SCCT), ar earnáil na talmhaíochta. De réir INOXA, is é atá i gceist leis na tobhaigh uile (dleachtanna frithdhumpála, SCCT agus dleachtanna custaim le chéile) níos mó 30 % de phraghas deiridh na leasachán nítrigine d'fheirmeoirí, agus dá gcoinneofaí na bearta ar bun dhéanfaí dochar don

([42]) Rialachán (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 2025/1227 an 17 Meitheamh 2025 maidir le modhnú a dhéanamh ar na dleachtanna custaim is infheidhme i dtaca le hallmhairí earraí áirithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó a onnmhairítear uathu, (IO L, 2025/1227, 20.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1227/oj).

([43]) Gás nádúrtha comhbhrúite.

([44]) Gás nádúrtha leachtaithe.

([45]) Imscrúdú Uimh. 701-TA-668-669 agus 731-TA-1565-1566 (Final), Foilseachán 5338, Lúnasa 2022.

táirgeacht agus do cháilíocht na ngránach. I gcás INOXA agus CFI, dá leathnófaí na bearta, thiocfadh sé salach ar chuspóirí straitéiseacha an Aontais (mar atá an Comhbheartas Talmhaíochta, an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', cuspóirí tosaigh straitéiseacha agus/nó Stoic straitéiseacha a thógáil). Cé nár aithin an Coimisiún an cainníochtú gan bhunús a chuir INOXA ar fáil, d'admhaigh an Coimisiún go bhfuil tionchar ag na tobhaigh uile a luaigh INOXA ar an gcostas d'earnáil na talmhaíochta. Chinn an Coimisiún go raibh na maímh maidir le táirgeacht agus cáilíocht gránach gan bhunús, thug sé dá aire go bhfónann na tobhaigh a luaitear do chuspóirí éagsúla agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil gá le dleachtanna frithdhumpála a mhéid atá cosaint trádála, táirgeadh leasachán athléimneach san Aontas agus smachtbhannaí ar chogadh foghach gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine i measc thosaíochtaí an Aontais.

8.5. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(239) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí UNA ar de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann é, a choinneáil ar bun.

(240) Chuir AFCOME agus Union Invivo amhras ar bhailíocht na conclúide toisc go mbeidh tionchar ag cur chun feidhme SCCT (agus, i gcás AFCOME, ag an athbhreithniú ar scéim trádála astaíochtaí freisin) ar fheirmeoirí freisin. Chinn an Coimisiún go raibh na maímh róluath agus nach raibh bunús leo, agus diúltaigh sé dóibh dá bharr sin.

(241) D'ainneoin na conclúide in aithris (239), tugann an Coimisiún dá aire a thábhachtaí atá earnáil na feirmeoireachta san Aontas agus na dúshláin iomadúla a gcaithfidh sí aghaidh a thabhairt orthu. Dá méadódh praghas UNA go leibhéal cuid mhaith níos airde ná in 2024 agus dá bhfágfadh tionchar na mbeart reatha go raibh struchtúr costais na bhfeirmeoirí neamh-inbhuanaithe, smaoineoidh an Coimisiún ar na bearta a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 14(4) den bhun-Rialachán.

(242) Tar éis an nochta, mheas AGPB go mbeadh aon fhionraí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na bearta neamhéifeachtach ar an bhforas nach ndéantar foráil le bearta sealadacha maidir le hoiriúnú margaidh. Mheabhraigh an Coimisiún go gcaithfí na leasanna uile atá i gceist a chur san áireamh in aon ghníomhaíocht a dhéanfaí (ar bhonn sealadach nó ar bhonn níos buaine).

(243) Tar éis an nochta, chuir comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar leasanna feirmeoirí in aghaidh na conclúide mar gheall ar mhéaduithe ar phraghsanna UNA in 2025 agus/nó luaineacht sa bhearna idir praghsanna gránach agus praghsanna UNA. Thug an Coimisiún dá aire nach bhféadfadh na tacair sonraí a soláthraíodh (in easnamh uaireanta, an fhoinse in easnamh uaireanta, maidir le sciar de 2025 amháin uaireanta, etc.) amhras a chaitheamh ar chonclúidí imscrúdaithe lánfheidhme ina raibh torthaí dumpála agus díobhála le haghaidh na dtréimhsí dá dtagraítear in aithris (7) agus inar thángthas ar an gconclúid maidir le cleachtais dumpála díobhálacha agus gur dócha go leanfaí díobh dá ndéanfaí na bearta a aisghairm.

9. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(244) Ar bhonn na gconclúidí ón gCoimisiún maidir le leanúint den dumpáil, leanúint den díobháil agus leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála maidir le UNA ó na tíortha lena mbaineann a choinneáil ar bun.

(245) Chun na rioscaí imchéimniúcháin a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí i leith na Rúise, teastaíonn bearta speisialta chun a áirithiú go gcuirfear na dleachtanna frithdhumpála aonair i bhfeidhm. Ní bheidh cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirfear sonrasc tráchtála bailí i láthair údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo. Go dtí go gcuirfear sonrasc den sórt sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Rúise'.

(246) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má chuirtear sonrasc i láthair údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór do na húdaráis a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, ar nós mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar leis an ráta dleachta níos ísle a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim.

(247) Dá dtiocfadh méadú mór ar mhéid onnmhairí ceann de na cuideachtaí Rúiseacha a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb ionann méadú méide den sórt sin ann féin agus athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. San imscrúdú sin féadfar scrúdú a dhéanamh, *inter alia*, ar an ngá le deireadh a chur le dleachtráta/dleachtrátaí aonair agus dleacht ar leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr.

(248) Tá na dleachtrátaí frithdhumpála cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo le haghaidh cuideachtaí Rúiseacha infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh na Rúise iad agus arna dtáirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Rúise'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(249) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na dleachtrátaí frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([46]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéanann an t-athrú difear do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(250) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a beartaíodh go molfaí na bearta atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun. Tugadh tréimhse dóibh freisin lena bhféadfaidís uiríll a dhéanamh tar éis an nochta sin.

(251) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([47]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuirfeadh an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(252) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí meascán d'úiré agus níotráit amóiniam i dtuaslagán uiscí nó amóiniach, a aicmítear faoi láthair faoi chód AC 3102 80 00, agus ar de thionscnamh na Rúise, Oileán na Tríonóide agus Tobága, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá iad.

2. Is mar a leanas a bheidh rátaí na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír	Cuideachta	Méid seasta na dleachta (EUR in aghaidh an tona)	Cód breise TARIC
An Rúis	PJSC Acron	42,47	C500
An Rúis	Cuideachta Comhstoic 'Azot'	27,77	C501
An Rúis	Cuideachta Comhstoic 'Nevinnomyssky Azot'	27,77	C504
An Rúis	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Rúise	42,47	C999

([46]) European Commission, Directorate-General for Trade, Directorate G, Rue de la Loi/Wetstraat 170, 1040 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË.

([47]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

Tír	Cuideachta	Méid seasta na dleachta (EUR in aghaidh an tona)	Cód breise TARIC
Oileán na Tríonóide agus Tobága	Methanol Holdings (Trinidad) Limited	22,24	C502
Oileán na Tríonóide agus Tobága	Gach allmhaire eile de thionscnamh Oileán na Tríonóide agus Tobága	22,24	C999
Stáit Aontaithe Mheiriceá	CF Industries Holdings, Inc.	29,48	C503
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Gach allmhaire eile de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá	29,48	C999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí Rúiseacha a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid i dtonaí) (an táirge faoi athbhreithniú) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa Rúis. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.'* Go dtí go dtabharfar an sonrasc sin ar aird, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh na Rúise.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN